# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.
Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.
Tá na critéir maidir le roinnt ceisteanna dioscúrsacha a mheas le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.  Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.
Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

(a) Ba é seo an óráid le hómós a dhéanamh dóibh siúd ba thúisce a fuair bás sa chogadh. Agus é ina sheasamh ar ardán ard, tosaíonn Peiricléas ag rá nach dteastaíonn óráid deiridh ó na fir seo, toisc go léirítear gach rud ina gcuid gníomhaíochtaí. Ní bhíonn a gcrógacht agus a n-onóir ag brath ar óráid fir amháin. Deir sé go bhfuil sé fíor-dheacair gach rud a dhéanamh i gceart nuair atá daoine ann a bhfuil an-aithne acu ar an duine agus a mhothaíonn nach bhfuair sé dóthain ómóis, agus go bhfuil daoine eile ann a mheasann gur moladh go ró-ard iad. Is breá le daoine moladh do dhaoine a chloisteáil sa mhéid go gcreideann siad go bhfaighidís an moladh céanna, agus tagann éad ar dhaoine agus ní chreideann siad an moladh ina dhiaidh sin. Déanfaidh mé mo dhícheall. Ar an gcéad dul síos, tá ár moladh tuillte ag ár sinsir a thug tír shaor dúinn, agus ní mór ár n-aithreacha agus muid féin fiú a aithint as an méid a chuireamar lenár stát. Is é an spiorad lena ndearnamar amhlaidh agus an modh maireachtála atá againn na cúiseanna a raibh an lámh in uachtar againn. Tá ár gcóras rialtais ceannródaíoch. Is eiseamláir muid do dhaoine eile. Tá an chumhacht chéanna ag gach duine agus is ionann gach duine os comhair an dlí. Níl aon duine ar imeall na sochaí mar thoradh ar an mbochtanas, táimid saor agus fulangach inár saol príobháideach. Tá meas againn ar an dlí, agus is eol dúinn conas spraoi a dhéanamh agus le bheith sa tóir ar an áilleacht agus ar chuibhiúlacht. Iompórtálaimid rudaí deasa ó thar lear. Tá ár gcathair oscailte don domhan mór. Ní bhímid ag brath ar airm rúnda ach ar ár gcrógacht agus ar ár ndílseacht féin. Cé nach bhfuil an cur chuige Spartach againn i leith tréanoiliúint mhíleata, táimid chomh cróga leo. Tá crógacht nádúrtha againn, seachas crógacht a fhaightear ón stát. Ní bhíonn anchaitheamh mar thoradh ar an gcionn atá againn ar an áilleacht, bainimid úsáid mhaith as saibhreas seachas a bheith ag déanamh gaisce as. Glacann gach duine inár gcathair páirt sa pholaitíocht inár gcathair, creidimid i bhfocail agus i ngníomhartha. Creidimid go gcaithfear a bheith cineálta le daoine eile. Is oideachas don Ghréig í ár gcathair. Tá comharthaí ár n-impireachta mórchumhachtach. “Déanfaidh daoine amach anseo iontas dínn, faoi mar a dhéanann aois na linne seo iontas dínn anois.” Arís, fuair na fir seo bás go huasal chun cathair mar seo a bhaint amach. Tá an chathair seo go hiontach mar thoradh ar chrógacht na bhfear sin. Bhain siad neart éachtaí amach, cé go raibh lochtanna acu. In áit a bheith eaglach nó imeacht ón gcathair, sheas siad an fód in éadan an namhad agus fuair siad bás ar son na cathrach. Breathnaígí ar an gcathair agus titfidh sibh i ngrá léi. Tá mórgacht na cathrach le fáil sna fir a fuair bás agus iad mar eiseamláirí uaisleachta agus an domhan mór ag cuimhneamh ar an gcrógacht a bhí acu. “Bíonn sástacht ag brath ar shaoirse daoine agus bíonn an tsaoirse ag brath ar an gcrógacht”. Tá an náire agus an eagla níos measa ná an bás. Ní dhéanfaidh mé comhbhrón le tuismitheoirí na ndaoine a fuair bás, ach déanfaidh mé iarracht sólás a thabhairt dóibh, cuireadh crích le saolta na bhfear seo ar son na honóra. Ar ndóigh, tá briseadh croí ann mar thoradh ar a gcailliúint, agus ba cheart do dhaoine níos mó leanaí a bhreith má tá siad in ann. Sibhse atá ró-shean, cuimhnígí ar na laethanta lúcháireacha a bhí agaibh, b’fhéidir nach bhfuil tréimhse fhada agaibh go dtí go bhfaighidh sibh bás, smaoinígí ar an gcáil chóir a bhíonn ar na mairbh agus ar bhur n-onóir, rud nach dtéann in éag. Déanaigí iarracht comhlíonadh le caighdeán na marbh, fiú má tá sé deacair. Do na baintreacha, déanaigí

iarracht ráflaí na bhfear a sheachaint, is cuma má tá iad do do mholadh nó do do cháineadh. Tacóidh an Chathair le leanaí na marbh go dtí go dtiocfaidh siad in inmhe.

**Cuntas comhleanúnach ar an óráid. (10, 10, 10, 10.) (40 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. Baineann an chuid is mó den óráid leis an gcathair seachas na fir féin agus tá an seans ann go mothódh na gaolta gur cheart níos mó a rá faoina gcrógacht agus a n-éachtaí aonair. Tá an seans ann nach mbeadh tuismitheoirí níos sine sásta leis an ráiteas fúthu faoi mar nach bhfuil mórán ama fágtha acu sa saol ar aon chaoi. Tá dearcadh eile ann gur adhmholadh spreagúil agus inspioráideach ar an Aithin atá san óráid agus go bhfuair na fir bás ar son na cathrach agus go mothódh na gaolta go bhfuair a bhfir bás ar son cúis shuntasach agus fhiúntach.

**Pointe amháin a bhfuil forbairt mhaith déanta air. (10) (10 marc)**

(ii)

(a) Ba iad seo a leanas na cúiseanna gur aontaigh an Aithin agus Sparta le Síocháin Nicias in 421 Rch: Ar an gcéad dul síos, bhí an bheirt fhear ba mhó a bhí ar son an chogaidh sna cathracha (Cléón agus Brasadas) marbh anois. Ar an dara dul síos, bhí na Spartaigh ag iarraidh a gcuid príosúnach a fháil ar ais as Pulas. Ina dhiaidh sin, bhí croitheadh bainte as muinín na hAithne mar gheall gur cloíodh iad ag Delium agus Amfapoil. Bhraith na Spartaigh faoi bhagairt ag bunáiteanna na hAithne ag Pulas agus Cythera agus bhí faitíos orthu go dtiocfadh ionsaí as an áit sin. Bhí sos cogaidh ag Sparta le hArgas agus bhí sé ar tí dul in éag rud a chiallaigh bagairt eile. Níor mhothaigh Pleistoanax, Rí Sparta, sábháilte ó ionsaithe inmheánacha agus bhraith sé go mbeadh níos mó tóir ag daoine air dá mbeadh síocháin ann. Bhí Nicias go mór i bhfabhar na síochána agus bhí tionchar láidir aige san Aithin ag an am.

**Ceithre chúis. (10, 10, 10, 10.) (40 marc)**

(b) Dar le Túicídidéas, níor cuireadh an tSíocháin i bhfeidhm i gceart ar an gcéad dul síos. Dar leis níor chomhlíon na Spartaigh téarmaí uile na Síochána (níor thug siad Amfapoil ar láimh don Aithin), agus rinne roinnt de na comhghuaillithe Spartaigh a ndícheall é a threascairt. Deir sé freisin gur oibrigh Alcaibiaidéas i gcoinne na síochána ón tús.

**Cúis amháin le míniúchán. (10) (10 marc)**

(iii)

(a) Ba dhealbha cloiche den dia Heirméas iad na Hermae a leagadh ag bealach isteach chuig teampaill agus tithe chun an t-olc a choinneáil ó dhoras. Ba cholúin ag a raibh busta den dia Heirméas ar a mbarr iad.

**Pointe amháin. (10) (10 marc)**

(b) Bhí muintir na hAithne an-trína chéile ag an eachtra toisc gur ghníomh sacrailéide a bhí ann agus gur measadh é mar dhroch-thuar ceart don tSluaíocht chun na Sicile. Chreid cuid mhaith díobh gur conspóid i gcoinne an daonlathais a bhí ann.

**Pointe amháin mínithe. (10) (10 marc)**

(c) Bhí tionchar ag scrios na Hermae ar chúrsa an chogaidh sa mhéid is gur seoladh fiosrú faoin gcoir agus gur tugadh cúisimh i gcoinne Alcaibiaidéas, polaiteoir mór le rá sa chathair a bhí chun dul ar an tsluaíocht chun na Sicile. Cuireadh an triail ar athlá agus chuaigh Alcaibiaidéas chun na Sicile ach sa bhaile, bhí ráflaí faoi á scaipeadh go fairsing ag a chuid naimhde, agus bhí an pobal trína chéile tríd is tríd. Ar deireadh glaodh ar ais ar a thriail é i long a sheol an chathair. Ach thaistil sé ina long féin agus thréig sé iad chun dul leis an namhaid, Sparta, tríd an Iodáil. An rud ab iontaí ar fad ná gur ghlac muintir na hAithne ar ais níos déanaí é. Is mar gheall air sin a bhí rudaí trína chéile ar an tsluaíocht chun na Sicile agus nach raibh aon mhisneach fanta ag muintir na hAithne.

**Míniú comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(iv)

Is féidir le hiarrthóirí ceachtar den dá fhreagra a thabhairt ar an gceist seo, ach is dócha go n-aontóidh siad leis an ráiteas. Má aontaítear leis an ráiteas, tá neart carachtar agus eipeasóidí ann ar féidir a úsáid mar eiseamláirí ar thaobh an-dorcha de nádúr an duine. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh mar roghanna maithe: iompraíocht roinnt Aithneach le linn na Plá; Díospóireacht mhuintir Mhitiléiné; iompraíocht Alcaibiaidéis; Agallamh Mhéileas agus gníomhartha Chléón. Má dhéantar argóint i gcoinne an ráitis d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh d'óráid tórraimh Pheiricléas; na hóráidí cosanta ag Díospóireacht mhuintir Mhitiléiné; an cur chuige réasúnta a bhí ag Nicias roimh an tSluaíocht chun na Sicile; Agallamh Mhéileas. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith in ann tagairtí a dhéanamh do ghníomhartha agus d'óráidí de chuid Thúicídidéis chun tacú lena thuairim maidir leis an ráiteas.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 2. Alastar Mór.

(i)

(a) Féadfaidh iarrthóirí dul i ngleic le hAlastar agus leis an arm le chéile mar chomhiarracht. Coinníonn Alastar súil ar shruth na habhann agus deir lena chuid fear dul trasna ar chlaonadh ón sruth. Cuireann sé Pairméinión i gceannas ar an gcliathán clé leis an Marcra Teasálaigh ar an gcliathán chlé antoisceach, Pairméinión ar an gcliathán ó dheas agus Niocanór agus Coenus in aice leis. Téann Alastar ar dheis ag barr aonaid de Mharcshlua na gCompánach ar chruth dinge. Bhí an falang de shaighdiúirí coisithe sa lár. Déanann sé ionsaí ar dtús le cúpla aonad de shaighdiúirí coisithe, ar éirigh go dona leo ar dtús, ag iarraidh dul suas bruach na habhann i gcoinne an namhad. Ach chomh luath is a fuair fórsaí Alastair an lámh in uachtair, bhí siad in ann na haonaid a bhí i dtrioblóid a thabhairt slán, agus d'athchruinnigh siad. Thug beirt cheannasaithe Peirseacha dúshlán d'Alastar agus tá an seans ann go maróidís é murach idirghabháil Chléitis. Chuaigh Alastar, de réir mar a bhí cúrsa na bPeirseach á leagan amach, chuig na saighdiúirí tuarastail Gréagacha a bhí ina seasamh i líne ar gcúl, agus iad éiginnte fós faoina raibh ag tarlú. Bhí sé diongbháilte sampla a dhéanamh díobh chun daoine eile a raibh tuairimí den chineál céanna acu é a throid a chur

dá dhroim. Maraíodh cuid mhaith, tógadh thart ar 2,000 beo. Is iomaí gné a chabhraigh le hAlastar an cath seo a bhua, ina measc, dhiúltaigh na satraip le beartas Memnon chun an talamh a loscadh, agus bhí marcra na bPeirseach teoranta ag na saighdiúirí coise a bhí díreach taobh thiar díobh.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Bhí neart nithe a chuir ceannaireacht Alastair le fios sa tréimhse roimh an gcath. Diúltaíonn sé do chomhairle Phairméinión, mhol Pairméinión dó fanacht sula n-ionsódh sé, síleann Alastar go mbeadh cuma lag air sin agus maíonn sé: "...ach bheadh náire an domhain orm mura rabhaimid in ann sil uisce mar seo a thrasnú... nuair nach raibh aon deacracht agam ag trasnú Heiléaspontas". Deir Plútarc chun imní a fhear a mhaolú a n-athraíonn sé ainm na mí nuair a thugann sé faoi deara go bhfuil siad neirbhíseach faoi bheith ag troid le linn mí a raibh mí-ádh ag baint léi go traidisiúnta. Cuireann Airrianas béim ar chomh feiceálach dá chuid fear a bhí Alastar ag dul chun catha agus go deimhin is mar gheall ar a chrógacht phearsanta gur bheag nár bhásaigh sé anseo; is ar éigean a tháinig sé slán, mar thoradh ar an idirghabháil thráthúil ó Chléiteas. Insíonn sé sin dúinn go raibh sé sa chontúirt chéanna i gcónaí is a bhí a chuid fear, dea-chomhartha i gceannaire ar bith. Mar sin féin, áitíonn Plútarc gur sprioc éasca a bhí in Alastar do shaighdiúirí an namhad mar go raibh sciath ar leith agus cleití bána arda ar a chlogad aige, rud a thugann le fios go mbaineann saontacht ar leith leis. Bhí sé ar an gcéad duine a rinne ionsaí nuair a bhí na Peirsigh ag a líon ab fhairsinge. Óna iompar tar éis an chatha, feicimid gné eile de cheannaireacht Alastair: Thug sé searmanas adhlactha do na mairbh lena gcuid arm agus thug sé díolúine dá dteaghlaigh ó chánacha áitiúla. Ba rud cliste a bhí ansin toisc go raibh a fhios ag fear ar bith a throid dó anois, i gcás go bhfaigheadh sé bás, go bhfaigheadh sé adhlacadh breá agus go gcuimhneofaí air agus go gcabhrófaí lena theaghlach. Thug sé cuairt freisin ar dhaoine ar bhain gortuithe dóibh agus labhair sé leis na fir, ag fiafraí díobh conas a fuair siad na gortuithe agus níor stop sé iad nuair a rinne siad áibhéil ar a gcuid scéalta. Léiríonn sé sin chomh maith is a bhí sé ag caidreamh pearsanta agus an chaoi a raibh sé in ann dul i gcion ar a chuid fear agus iad a spreagadh chomh mór agus a d'fhéad sé. Thug sé adhlacadh do na Peirsigh agus do na saighdiúirí tuarastail Gréagacha fiú amháin, a léirigh a dhaonnacht agus a chneastacht. Ach bhí sé géar ar na saighdiúirí tuarastail a tháinig slán agus sheol sé ar ais go Macadóin iad i slabhraí, níorbh namhad deas a bhí ann. Léirítear an chion a bhí aige ar an Aithin mar gur sheol sé 300 éide culaithe le taispeáint ansin. Taispeántar a stuaim, nuair a ghlaonn sé "mac Philib" air féin agus nuair a luann sé "na Gréagaigh" sa teachtaireacht a seoladh ar ais leis an armúr.

**Trí phointe. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(ii)

(a) Ba mhian le hAlastar an réigiún níos faide i gcéin ná an Hyphasis a fhiosrú mar chuala sé tuairiscí go raibh an talamh méith agus torthúil, agus gur scoth na bhfeirmeoirí iad na daoine a raibh ina gcónaí ann, agus go raibh na rialtóirí uasaicmeach agus nach raibh siad leatromach in aon chaoi. Mar sin féin, bhí fonn eachtraíochta a fhear ag maolú. Nochtaigh na fir a gcúiseanna gearáin ag cruinnithe ag an gcampa, de bharr na dtuairiscí go raibh an

abhainn a bhí le trasnú acu ceithre mhíle ar leithead agus céad feá ar doimhneacht, agus go raibh arm de cheithre mhíle saighdiúir coisithe, ocht míle carbad agus neart eilifintí ar an mbruach thall den abhainn. Labhair Coenus thar ceann na ngnáthshaighdiúirí agus soiléiríonn sé imní na bhfear: Dúirt sé nach raibh ach líon fíor-bheag de na Macadónaigh fágtha anois agus go raibh neart díobh gortaithe. Níl siad chomh bríomhar is a bhí tráth agus is mian leo a mbailte agus a dteaghlaigh a fheiceáil agus sult a bhaint as a saibhreas agus a gcáil. Dúirt sé nach dtroidfidís chomh maith dá dtreorófaí ar aghaidh iad agus iad drogallach agus gur chóir d'Alastar feachtas eile a eagrú le saighdiúirí nua ón mbaile a bheadh díograiseach a leanúint. I measc na rudaí eile a raibh tionchar acu ar mhothúcháin na bhfear tá an bua deacair a bhí acu ag an Hídeaspaes agus an bháisteach gan staonadh.

**Míniú mionsonraithe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Féadfaidh le hiarrthóirí an chéad chruinniú agus an óráid ina ndearna sé iarracht iad a mhealladh lena leanúint a áireamh. D'iarr sé ar na hoifigigh teacht le chéile arís an lá dár gcionn agus dúirt sé go rachadh sé ar aghaidh gan a chuid Macadónach mar go bhféadfaidís é a thréigean ansin i measc a naimhde ach sheas na fir a bhfód ina choinne. Ansin scair sé é féin ó na saighdiúirí eile agus d'fhán sé ina phuball agus ní fhaca sé aon duine ar feadh trí lá ag creidiúint go ngéillfidís. Ach bhí fearg ar na fir mar thoradh ar an iompraíocht sin. I ndeireadh na dála, ag aithint nach n-athróidís a n-intinn, rinne sé íobairt a ofráil agus tharraing sé siar nuair a bhí droch-chomharthaí ann agus d'fhág sé dhá altóir déag do na déithe. Reáchtáil sé cluichí i ndiaidh níos mó íobairtí agus d'imigh siad ansin.

**Dhá ghné dá fhreagairt ar a laghad. (5, 5.)** **(10 marc)**

(c) Is eachtra shuimiúil é seo mar go léirítear ann cé go raibh a chuid fear dílis dó agus gur lean siad é ar fud an domhain, bhris foighne na bhfear faoi dheireadh agus bhí teorainn leis an bhfonn a bhí orthu a leanúint. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an chéad ráiteas réasúnta agus go rachadh sé i gcion orthu nó go rachaidís i gcion air, ach ansin tagann racht feirge air nuair nach dtéann sé i gcion orthu agus bhí pus air ar feadh trí lá. Léiríonn sé go raibh an lámh in uachtar ag na fir anseo, ach, cé go léiríonn sé meas dóibh trí ghéilleadh, is cosúil gur chuir sé an-bhéim ar na droch-chomharthaí, ag seachaint náire dá bharr. Ar an iomlán, tugtar le fios san eachtra seo go raibh teannas idir Alastar agus a chuid fear ach nach raibh an caidreamh sin briste.

**Dhá phointe fhorbartha. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(iii)

(a) Tá comharthaí agus na tuartha faoi bhás Alastair le fáil i gcuntas Phlútarc den chuid is mó. Tá na cinn is luaithe le fáil i bhfocail an fhealsaimh Calanus a chuir lámh ina bhás féin agus a dhreap ar bhreocharn. Nuair a rinne sé amhlaidh dúirt sé le hAlastar go bhfeicfeadh sé ag an mBablóin é. Insíonn Arrian faoin uair a d'éirigh Alastar as a ríchathaoir mar go raibh thart air agus go ndeachaigh gnáthdhuine, nó deir roinnt duine gur príosúnach a bhí ann, suas agus shuigh sé ar an ríchathaoir. Bhí na Peirsigh trína chéile faoi seo mar síleadh gur droch-chomhartha é sin agus deir Plútarc go raibh sé spreagtha ag an dia Serapis. Cuireadh chun báis é ina dhiaidh sin. De réir Phlútarc, thug roinnt Chaldaeans rabhadh d'Alastar

fanacht i bhfad ón mBablóin. Bhí fiacha dubha ag eitilt thart agus ag piocadh a chéile nuair a chuaigh sé isteach sa chathair. Ansin, choimisiúnaigh Apollodorus an fáidh Píotágarás le híobairt a dhéanamh le cinniúint Alastair a fháil amach. Bhí aiféala ar an Rí nár ghlac sé le comhairle na Chaldaean nuair a fuarthas amach nach raibh maothán ae ag an ainmhí a íobraíodh. D'ionsaigh asal múinte leon agus chiceáil sé an leon chun báis.

**Cur síos achomair ar thrí chomhartha/thuar. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(b) De réir Phlútarc, thosaigh na himeachtaí a chríochnaigh lena bhás le féasta álainn in ómós do Nearchus, bhí folcadh aige ansin agus d'ól sé ag cóisir i dteach Medius, cóisir a lean ar aghaidh go dtí an lá dár gcionn. Mhothaigh sé ar nós go raibh fiabhras air ansin, bhí an-tart air agus d'ól sé níos mó fíona. D'imir sé i gcluiche díslí agus bhí tuilleadh folcthaí aige, d'íobair sé do na déithe agus d'éist sé le scéal Nearchus faoina thuras. Bogadh a leaba go mbeadh sé gar don fholcadán nuair a d'éirigh a fhiabhras ní ba mheasa. Sa deireadh, bhí orthu é a iompar taobh amuigh lena íobairt. Bogadh é chuig pálás ar an taobh eile den abhainn ar an 25ú lá, ach d'éirigh a fhiabhras ní ba mheasa agus ní raibh sé in ann labhairt. Bhí na Macadónaigh trína chéile agus bhí siad ag iarraidh é a fheiceáil. Shiúil siad taobh lena leaba ina nduine agus ina nduine ag fágáil slán leis. D'ardaigh sé a lámh agus d'aithin sé gach fear. Iarradh ar an dia Serapis ar cheart é a bhogadh, ach ba é an freagra a fuarthas ach nár cheart é a bhogadh. Ar nimhíodh é? Bhí ráflaí ann maidir le crúb asail ar chuir Iolas, mac Antapataer, nimh ann, agus go raibh an seans ann gur spreag Arastatal é sin a dhéanamh ach níor chreid mórán sna ráflaí sin. Is dócha go raibh ról ag an méid mhór alcól a d'ól sé. D'fhéadfadh go raibh drochthionchar ag na hoirdéil ar fad a bhí aige agus ag na créachtaí iomadúla a fuair sé faoi lámh na Mallach ar a choimpléasc.

**Plé ar thinneas agus ar bhás Alastair. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(iv)

Tá neart fianaise ann go raibh tionchar ag an mbeirt laochra finscéalacha ar smaointeoireacht Alastair. Creideadh i dtosach gur de shliocht Aichill é ar thaobh a mháthar agus de shliocht Earcail ar thaobh a athar. Thug a theagascóir, Arastatal, an Íliad dó mar bhronntanas nuair a bhí sé óg agus ní raibh aon rud ní ba thábhachtaí dó ar domhan. Tugadh cisteog bhreá dó ina dhiaidh sin agus d'úsáid sé é mar "lámhleabhar" ar an gcogadh. An chéad rud a rinne sé nuair a tháinig sé chun na hÁise Bige ná cuairt a thabhairt ar an Traí, áit ar thug sé féin agus a chara Hephaestion ómós d'Aichill agus do Phatraclas ag a n-uaigheanna; d'fhág siad ofrálacha ann agus thóg siad a sciatha leo. Tugann sé sin le fios go bhfuil nasc idir é féin agus Aichill ar bealach éigin dar leis. Ag an Léigear Mallach, deir Airrianas gur iompair sé an sciath bheannaithe a thóg sé ón Traí os a chomhair, mar a dhéantar i ngach cath. Tá brionglóid aige roimh Léigear na Tuíre ina dtreoraíonn Earcail é chun na cathrach agus chuir sé i gcéill go raibh sé ag iarraidh cuairt a thabhairt ar scrín Earcail le dul isteach sa chathair. Ofrálann sé íobairtí d'Earcail i ndiaidh a bhua sa chathair. Tá trácht ann ar a iompraíocht ag Gaza, agus bhí ráflaí ann gur chaith sé le Batis sa bhealach céanna ar chaith Aichill le corp Eachtair i ndiaidh a dtroda. Níl aon fhianaise ann ar an eachtra seo, ach is scéal suntasach é. Maidir le hEarcail, is minic a ofrálann Alastar íobairtí ar a shon. Bíonn sé ag brionglóid faoi roimh Léigear na Tuíre, treoraíonn Earcail Alastar chun

na cathrach agus gabhann sé buíochas leis as a bhua ina dhiaidh. Cuireann na plámásaithe Alastar i gcomparáid le hEarcail san achrann le Cléiteas, agus san achrann le Callastainéas, agus luann siad an nasc atá ag Alastar leis. Is iarracht é seo le go dtabharfaí adhradh d'Alastar mar dhia nó go mbeadh ardmheas ag daoine air. Tugann Alastar faoi deara cúpla uair nár éirigh le hEarcail an dúnfort a ghabháil, agus ag Carraig Aornos go háirithe. Bíonn sé seo mar spreagadh dó, ar nós go mbeadh sé san iomaíocht leis an laoch. Is spéisiúil go n-áitíonn a phlámásaithe, agus iad á mholadh roimh bhás Chléiteas, gur cheart go dtabharfaí adhradh d'Alastar chomh maith má dhéantar dia d'Earcail. Tugann sé seo le fios gur bhreathnaigh sé air mar chéile comhraic, duine a bhí mar eiseamláir dó agus go raibh sé ag iarraidh an cháil chéanna, nó níos mó fiú, a bhaint amach.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i)

(a) Is é atá de rún ag Cicearó a áitiú nach ceart do dhuine ar bith aimhleas a dhéanamh do dhuine eile ar mhaithe leis féin. Feictear dó gur leor an daonnacht atá ionainn uile mar chúis le 'leas gach duine faoi leith a bheith ionann le leas an uile dhuine.' Tá prionsabal bunúsach Chicearó bunaithe ar phrionsabal na Stóch a bhaineann le bráithreachas an duine. Creideann sé go léirítear sa dlí nádúrtha agus i gcleachtas idirnáisiúnta le chéile, nár cheart do dhuine ar bith duine eile a ghortú ar mhaithe lena leasa leithleacha féin. Cén chaoi eile ar féidir le sochaí feidhmiú i gceart? Tá sé nádúrtha go mbeifeá ag iarraidh go mbeadh Earcail mar eiseamláir agus le gaiscí móra a dhéanamh agus fadhbanna uafásacha a sheasamh chun cuidiú le náisiúin an domhain agus iad a shábháil (beag beann ar cé chomh dathúil agus láidir is atá tú), seachas do shaol a chaitheamh gan bhac le neart airgid agus pléisiúr. Bhí an cine daonna buíoch d'Earcail agus a éachtaí, agus bhí an tuairim choitianta ann go raibh sé ar dhuine de na déithe. Cloíonn iompar cothrom le daoine eile le prionsabal réasúnach atá ann sa dúlra. Baintear gach rud ón gcine daonna atá difriúil le hainmhithe mura ndéantar amhlaidh. Diúltaíonn sé don dearcadh go bhfuil sé inghlactha daoine atá lasmuigh den teaghlach agus den ghrúpa cairde nó daoine a bhfuil náisiúntacht éagsúil acu a ghortú. Tá Cicearó dearfa 'nach ionann ceilt agus eolas a choinneáil chugat féin i gcónaí, ach gurb ionann iad nuair is mian leat, ar mhaithe le buntáiste duit féin, nach mbeadh rud atá ar eolas agat féin ar eolas ag duine eile cé go mbainfidís leas as an eolas sin a bheith acu.' Tá Cicearó neamhbhalbh go maith sa cháineadh atá aige ar nós dá leithéid.

**Trí argóint ar a laghad. (10, 10, 10)** **(30 marc)**

(b) Ní mór d'iarrthóirí a dtuairimí a bhunú ar eolas maith ar an dá chás a luadh. Is é an sampla is mionsonraithe a d'úsáid Cicearó cás Ghaius Canius, Rómhánach ar mhian leis teach a cheannach i Sioracús. Cuireann Pythius, an t-úinéir, i gcéill dó go bhfuil go leor iasc

le fáil san uisce thart ar an teach. Ceannaíonn Canius an teach agus ní fada go dtuigeann sé gur buaileadh bob air. Ina ainneoin sin, ní féidir leis aon ní a dhéanamh faoi. I measc na gcásanna eile a luaitear tá an praghas ard ar arbhar i Ródas mar gheall go bhfuil gorta ar an oileán; ar cheart don fhear ionraic a fhaigheann eolas faoi seo buntáiste a bhaint as an gcás agus arbhar a dhíol sula bhfaigheann muintir Ródas amach go bhfuil soláthar mór arbhair ar an mbealach? Ar an gcaoi chéanna, ar cheart teach ag a bhfuil go leor lochtanna ceilte a dhíol? Féadfar a argóint go socraíonn Cicearó an caighdeán iompraíochta ag leibhéal atá ró-ard i gcás amháin nó sa dhá chás. Tugann Cicearó dhá thaobh ar an argóint chéanna i bhfoirm agallaimh. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí a áitiú nár cheart do dhaoine aon duine a ghortú ar mhaithe lena leas féin, agus ar an taobh eile d'fhéadfaí a mhaíomh nach ionann faisnéis ar leith a choinneáil faoi rún agus bréag a insint agus go bhfuil sé inghlactha dá bhrí sin. Ba cheart d'iarrthóirí dul i ngleic leis na hargóintí agus a lua go sonrach má aontaíonn siad nó má easaontaíonn siad le Cicearó.

**Cúis amháin le haontú/heasaontú leis an dá sampla. (10, 10.)** **(20 marc)**

(ii) Taispeánann dánta Catullus gur fear é a bhfuil mothúcháin láidre aige. Mothaíonn sé idir ghrá agus ghráin go domhain agus tá caidreamh le daoine an-tábhachtach dó. Is fear é atá an-dáiríre faoin ngrá agus faoin gcairdeas agus tá sé toilteanach a chuid mothúchán a léiriú.

Is cara dílis é Catullus agus tá sé an-oscailte agus an-léiritheach sa ghrá atá aige dá chairde. Tá an méid sin le sonrú ina dhánta *Evening With Licinius,* agus *Consolation.* Tá sé dílis agus tugann sé ardmholadh dá chairde (Calvus) agus cuireann sé comhbhrón ó chroí in iúl. Is duine an-phaiseanta agus spleodrach é agus is dócha gur maith an comrádaí é agus go bhfuil sé an-bharúil (*Evening with Licinius*), agus is cosúil gur bhain a chairde taitneamh as sin.

Is cosúil go raibh dlúthchaidreamh aige lena dheartháir, léirítear an méid sin sa dán *At a Brother's Grave.* Tá sé in ann ionbhá mór a bheith aige le duine, rud a léirítear sa mhéid a bhíonn le rá aige ar bhás duine (*Consolation, The Same* agus *At A Brother's Grave*). Tá an dán a scríobh sé dá dheartháir atá marbh an-mhothúchánach.

I dtéarmaí grá, chruthaigh Catullus go bhfuil mothúcháin an-láidir ar fad aige; nuair a thugann sé grá, is le hiomlán a chroí é mar is léir ó na dánta Lesbia. Tá tionchar mór ag a chuid mothúchán air; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. Tá sé paiseanta, más gean nó gráin atá i gceist agus, go deimhin, athraíonn sé a mhothúcháin ó cheann go chéile go tobann. Tá an chuma air go ndeachaigh Lesbia i bhfeidhm go hiomlán air agus is beag go gcailleann sé a chiall léi. Ní gnáthleannán seo ach duine nach féidir leis smaoineamh ar aon ní eile ach ar a bhean luí. Níl sé in ann focal a chur as a bhéal in *Happiness* ach é mar a bheadh sé i saol aislinge agus na súile sáite ar an chailín aige. Dán is ea *A Prayer* faoi fhear atá ar a mhine ghéire ag iarraidh teacht slán ón ngrá don bhean nach bhfuil cion aici air. Ó thug sé gean di gan aon ghuaim a choinneáil air féin, tá sé i gcontúirt anois gach ní a chailleadh. Is leannán fíorphaiseanta é Catullus. Braitheann sé rudaí go han-ghéar agus ar bhealach frithráiteach go minic. Dá bhrí sin, mothaíonn sé idir phléisiúr agus phian ina chuid dánta do Lesbia. Tá a chuid mothúchán an-ionraic agus an-dian.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(iii) Is é an rud tábhachtach ná go mbeidh iarrthóirí in ann tacú lena gcuid pointí trí thagairt a dhéanamh do *Beathaí* le Plútarc (*Caesar, Poimpéas agus Ciceáró*). I measc na dtosca tábhachta bhí traidisiún agus naisc theaghlaigh. (Ní raibh ceachtar díobh seo fíor i gcás Chiceáró, mac duine shaortha). Tháinig Caesar agus Poimpéas ó theaghlaigh pholaitiúla. Ba ghinearál a bhí in athair Phoimpéas agus thug an nasc a bhí ag Caesar trína aintín leis an nginearál mór Mairias bonn tacaíochta dó go háirithe i measc na bpleibeach. Is iomaí sampla d'fhir uaillmhianacha atá ann a d'úsáid an pósadh chun a gcuid gairmeacha a bhrú chun cinn. Chuidigh sé leis freisin tacaíocht na ndaoine a fháil – díreach mar a rinne Caesar nuair a bhí sé ina aeidíleach agus Clóidias ar feadh a shaoil phoiblí – toisc go bhféadfaí an drong a ghríosú chun foréigin go han-éasca. Bhíodh an-tóir i gcónaí ar an té a bhí in ann cluichí agus seónna galánta a chur ar siúl. Bhí sé tábhachtach i gcónaí suimeanna móra airgid a bheith ag duine i gcomhair breabaireachta agus chun tacaíocht leasanna éagsúla a cheannach. D'fhág cumhachtaí na dtreabhann (crosadh agus an ceart dlíthe a chur faoi bhráid thionól an phobail) go raibh sé riachtanach d'fhir uaillmhianacha mar Chaesar agus Poimpéas treabhainn a bheith ann chun tacú leo. Cuir i gcás, nuair a bhí Caesar sa Ghaill, bhreathnaigh treabhainn mar Curio agus Marcas Antaine ina dhiaidh. Cruthaíodh cumhacht agus gradam nuair a toghadh duine chuig ardoifig agus d'oscail sé an bealach chuig gobharnóireacht a dhéanamh ar na cúigí. Bhí siad sin ríthábhachtach chun éirí saibhir agus chun arm dílis a fhorbairt. Taispeánann slí bheatha Chaesair agus Phoimpéas an tábhacht atá le rath míleata chun go mbeadh meas ar dhuine sa Róimh agus chomh fada is a bhain sé le coimhlint bhí sé riachtanach go mbeadh tacaíocht dhílis do chuid saighdiúirí agat. Ardaíodh próifíl fir freisin má bhí sé in ann caithréim ollmhór a léiriú tar éis a chuid gaiscí míleata. Rud suntasach eile ab ea rath sna cúirteanna dlí rud a thug clú agus saibhreas do Chiceáró.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

(iv)

(a) Ba é an chúis láithreach bonn ná go raibh an Seanad ag glacadh seasaimh i gcoinne Chaesair agus Phoimpéas agus thug sé sin cúis chomónta dóibh. Spreag seasamh crua an tSeanaid an triúr fear aontú lena chéile agus dul i dtóraíocht na cumhachta. Bhí tairbhe éigin le baint ag gach fear as aontú lena chéile ag an bpointe seo. Dhiúltaigh an Seanad do Chaesar an ceart a bhí aige fanacht taobh amuigh den chathair (chun a chaithréim a fháil) agus a bheith ceaptha ina chonsal in absentia. Chuir siad isteach go mór ar Phoimpéas i dtaca lena iarrachtaí a arm a shocrú agus a ghabhálacha ón oirthear a dhaingniú. Bhí Crassus in éad le Poimpéas agus bhí dúil mhillteanach aige cumhacht a bhaint amach do féin agus bhí lear mór airgid aige agus bhí a fhios ag an mbeirt fhear eile go mbeadh sé sin áisiúil. Shíl gach duine den triúr fear go bhféadfadh sé earraíocht a bhaint as an mbeirt eile ar mhaithe lena leas féin.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Ba thoisc mhór é Crassus agus a chuid airgid chun an Triúracht a dhaingniú. Nuair a fuair Crassus bás, cuireadh fuinneamh an chaidrimh trína chéile. Agus ansin bhí an ceangal mór eile a bhí idir Poimpéas agus Caesar, Iúilia, an t-aon leanbh a bhí ag Caesar agus banchéile

Phoimpéas, a fuair bás ag tabhairt páiste ar an saol. Chuir básanna Iúilia agus Crassus an scoilt idir Poimpéas agus Caesar chun tosaigh. Bhí an ceangal pearsanta a bhí eatarthu briste anois agus bhí siad seo a leanas i measc na dtosca eile: bhí Poimpéas in éad leis an rath a bhí ar Chaesar sa Ghaill; iarracht an pháirtí sheanadóiriúil Poimpéas a tharraingt ó Chaesar trí leas a bhaint as an eagla agus as an éad a bhí air agus trí chluain a chur air.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (10, 10.)** **(20 marc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) Bheadh ar iarrthóirí tosú le bunú an Dara Triúrachta in 43 R.Ch. le Conradh Bhruindísiam, le Lepidus agus Octáivian tar éis fheallmharú Iúil Caesar agus a gcogadh i gcoinne na “bhFuascailteoirí” faoi stiúir Bhrútas. Tar éis a mbua ag Cath Fhilipe, d’fhill Octáivian ar an Róimh agus chuaigh Antaine i gceannas ar an oirthear áit ar bhuail sé le Cléópátra. Tharla eisreachtuithe tromchúiseacha agus fuair go leor daoine bás, namhaid ghéar Antaine, Cicearó, ina measc. Thaitin comhluadar Chléópátra leis agus bhí siad ina leannáin i ngeimhreadh na bliana 41-40 R.Ch. Bhí sé ina chogadh idir bean chéile Antaine, Fulvia, a thacaigh lena dheartháir in aghaidh Octáivian ach cloíodh iad ag Cath Perusia. Fuair Fulvia bás ar deoraíocht agus bhí Antaine in ann pósadh arís. Daingníodh an ceangal le hOctáivian nuair a phós sé deirfiúr Octáivian, Octáivia. Ach níor mhair an caidreamh sin i bhfad, bhí easaontas idir an bheirt fhear faoi acmhainní chun déileáil leis na Pairtiaigh a raibh fonn ar Antaine iad a ionsaí agus níor socraíodh cúrsaí go dtí go ndearna Octáivia idirghabháil sa chás. Ach bhí teannas le brath anois agus d’fhág Antaine Octáivia agus í ag iompar linbh. D’fhill sé ar Chléópátra arís i gCathair Alastair. Bhí feachtas tubaisteach ina dhiaidh sin i gcoinne na bPairtiach áit ar chaill Antaine cuid mhór dá arm. Idir an dá linn sa Róimh, fuair Octáivian réidh le Lepidus agus reáchtáil sé feachtas bolscaireachta an-rathúil i gcoinne Antaine, ag tarraingt airde ar mhímhoráltacht agus ar an bhfeall a bhain lena chaidreamh le Cléópátra. Tar éis feachtas nua ar éirigh níos fearr leis i gcoinne na bPairtiach, d’fhógair Antaine go raibh deireadh lena chaidreamh le hOctáivian i gCathair Alastair. (D’iarr Octáivian air dul ar ais chuig an Róimh ach dhiúltaigh sé dul ann.) Tar éis cogadh bolscaireachta inar cheistigh Antaine dlisteanacht chomharbas Octáivian, ba léir go raibh cogadh cathartha ar na bacáin. Ba é Cath Actium a bhí mar thoradh air sin. Tubaiste a bhí ann d’Antaine agus Cléópátra a d’éalaigh go dtí an Éigipt. Chuaigh Octáivian ar a dtóir. Chuir Antaine lámh ina bhás féin sa deireadh thiar agus é ag ceapadh go raibh Cléópátra tar éis é sin a dhéanamh, cé go raibh sé mícheart faoi sin. Tharla sé sin i gcomhréir le comhaontú a bhí déanta acu nach mairfeadh duine amháin d’uireasa an duine eile.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(ii)

(a) Bhí dhá phríomhthoisc ba chúis leis an éirí amach. Ar dtús, d’fhág fear céile Bhuadaca, Prasutagus, a ríocht le hoidhreacht ag an impire (Néaró) in éineacht lena bheirt iníonacha féin. Bhí dóchas aige go gcaomhnódh sé a ríocht ar an mbealach sin. Mar sin féin, chuaigh cúrsaí in aimhréidh air. Rinneadh oifigigh Rómhánacha agus sclábhaithe na Róimhe slad ar

an ríocht agus an teaghlach ríoga mar a bheadh “duaiseanna cogaíochta” ann. Ansin, lascadh Buadaca agus éigníodh a hiníonacha. Anuas air sin, chaill taoisigh na n-Iceni a gcuid eastát agus caitheadh leis an teaghlach ríoga mar a bheadh sclábhaithe ann. I measc ghnéithe riachtanacha an chéad chuid den éirí amach bhí forghabháil agus scriosadh bhaile Camulodunum, rud a tháinig aniar aduaidh go hiomlán orthu, gabháil Londinium a bhí tréigthe ag an gCeannasaí Rómhánach, Séatóinias, agus tharla an rud céanna do Verulamium. Leanann Tacatas lena chur síos ar an slad iomlán agus ar an marú a rinne na Briotanaigh. As sin tháinig athchóiriú na Rómhánach. Faoi cheannas Shéatóinias, chloígh siad na Briotanaigh go dona i gcath socraithe. Ghlac Buadaca nimh.

**Cuntas comhleanúnach. (14, 13, 13.)** **(40 marc)**

(b) Thaitin an slad leis na Briotanaigh agus níor smaoinigh siad ar aon rud eile. Ag gabháil timpeall ar dhúin agus ar gharastúin, thug siad a n-aghaidh ar an áit ina raibh an chreach ba shaibhre agus an chosaint ba laige. Glac siad le príosúnaigh nó dhíol siad iad, nó rinne siad malartuithe eile i rith an chogaidh. Roghnaigh na Rómhánaigh suíomh maith chun aghaidh a thabhairt ar Bhuadaca. Áit chaol a bhí ann, é dúnta ag an gcúl ag coill. Chiallaigh sé sin nach raibh na Iceni in ann tairbhe a bhaint ón líon mór acu a bhí ann. Thosaigh na Rómhánaigh le hionsaí sleá ar na Iceni agus ansin rinne siad ionsaí i bhfoirm cruth dinge. Chuaigh na Briotanaigh ar gcúl, ach stop traein bagáiste iad agus rinneadh sléacht orthu. Bhí na Rómhánaigh eagraithe níos fearr, níos oilte agus bhí trealamh níos fearr acu ná mar a bhí ag na Briotanaigh.

**Cúis amháin le míniúchán. 10.** **(10 marc)**

(iii) Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a lua gur ceapadh gur pleidhce a bhí ann ó bhí sé an-óg, mar gheall ar na tinnis éagsúla a bhí air agus gur fhág siad cineál maolaigeanta é. Chiallaigh sé sin freisin nach duine láidir a bhí ann. Bhí teagascóir aige fós nuair a bhí sé ina dhuine fásta; Níor tugadh aon oifig phoiblí dó ina óige in ainneoin a chuid dúthrachta i leith na litríochta; Ghlaoigh a mháthair anbheithíoch air agus chuirfeadh sí amaideacht i leith duine trí rá: “Is amadán níos mó eisean ná Cláidias.” Seachnaíodh é i seomraí bia agus ba mhinic é mar ábhar magaidh i mbobanna praiticiúla. Tá fianaise bhreise ar a neamhábaltacht soiléir sna blianta deiridh dá shaol nuair a bhí sé faoi thionchar a chuid daoine saortha féin agus a gcuid ban. Mar sin féin, taispeántar i staidéar a rinneadh ar na foinsí go raibh raon reachtaíocht mhaith agus bearta ciallmhara ann. I measc na samplaí, tugadh árachas d’iompórtálaithe gráin i gcoinne caillteanais, na hoibreacha poiblí a rinne sé, draenáil ar Riasc Fucine, an cuan nua ag Ostia, gur thóg sé teampaill agus gur chuir sé soláthar uisce níos fearr ar fáil go háirithe. Theastaigh uaidh go rithfí an Stát go maith agus ghlac sé bearta áirithe chun éifeachtach an tSeanaid a fheabhsú agus ag an am céanna thóg sé seirbhís sibhialta leis na saoirsigh inniúla. Léirigh sé spéis i ngnóthaí na gcúigí (go háirithe sa chíréib idir na Gréagaigh agus na Giúdaigh in Alexandria). Thug sé saoránacht do chuid den Ghall agus ar ndóigh, rinne sé ionradh ar an mBreatain.
Más mian le hiarrthóirí a áitiú go raibh sé amaideach agus gan mhaith, d’fhéadfaidís a lua go raibh sé cruálach, faiteach agus amhrasach agus gur imir mná céile agus daoine saortha uaillmhianacha tionchar rómhór air. Mar gheall ar a pharanóia, chuir sé cúigear is tríocha seanadóir agus trí chéad ridire chun báis. D’fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis

an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá dtuairim trí thagairtí a dhéanamh don téacs.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(iv) Féadfaidh iarrthóirí ceachtar staraí a roghnú chomh fada is go bpléann siad leis an mbeirt staraithe agus go dtugann siad cúiseanna maithe dá rogha le tagairtí sonracha do na téacsanna. D'fhéadfaí a leanas a áireamh i measc na bpríomhphointí: I gcás ina roghnaítear Tacatas, seiceálfaidh na scrúdaitheoirí go luaitear an cuspóir láidir morálta a bhí aige a lorg féin a fhágáil ar an stair, an tréith láidir a bhí ann dul thar fóir (le feiceáil in eachtraí amhail teacht chun buaice agus turnamh Shéánas agus básanna Agrippina, Sheinice agus Messalina a ndéantar cur síos cumhachtach orthu); agus raon a chlú ar fud fhormhór d'Impireacht na Róimhe. Féadfaidh na hiarrthóirí an dearcadh neamhchlaonta atá aige i leith a chuid géillsineach de ghnáth a lua freisin (cé go bhfuil sé cineál claonta i gcoinne Thibir). Caithfear a rá freisin go mbíonn a chuid fíricí cruinn i gcónaí beagnach. Chomh maith leis sin, ní hamháin go bhfuil Tacatas faoi dhraíocht ag síceolaíocht daoine aonair, tá sé faoi dhraíocht ag síceolaíocht grúpaí freisin agus tá neart eolais acu maidir leo (an seanad, an t-arm le linn na gceannaircí sa Ghearmáin agus in Pannonia). Tá sé i bhfad níos eolaí ná Séatóinias ar mhór-réimsí na gcúigí, na léigiún agus na reachtaíochta.
Is féidir brath ar Shéatóinias freisin chun an fhírinne a insint agus is minic a thugann sé fianaise chontrártha go neamhchlaonta fiú. Ach insíonn sé go leor ráflaí agus scéilíní agus dá bharr sin bíonn an cuntas a thugann sé níos bríomhaire, cé nach féidir brath an oiread céanna air. Níl sé inchurtha le Tacatas a bhfuil breithiúnas ard morálta aige agus ní thugann sé breithiúnas géar ar lochtanna an duine mar a dhéanfadh staraí. Is féidir é a léamh go héasca agus cuireann sé siamsaíocht ar fáil de bharr na luaidreáin agus na scéalta scannalacha a insíonn sé faoi na Caesair. Tugann sé léargas iontach dúinn ar shaolta príobháideacha na n-impirí; tugann Tacatas léargas níos leithne dúinn. Is dócha gurb é Séatóinias an duine is éasca a léamh agus an té is siamsúla den bheirt.
**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) Is duine greannmhar é Diníseas ach tá ról dáiríre aige sa dráma Froganna. Is é Diníseas dia an fhíona agus na hamharclainne. Coinníonn sé an dráma le chéile ina iarracht an file is fearr a thabhairt ar ais chuig an Aithin. In Froganna, tá carachtar Dhinísis go hiomlán áiféiseach go mór mór sa chéad chuid den dráma. Is pleota gan mhaith é. Tá sé gléasta go hamaideach, in éadaí seafóideacha buí. Is léir gur cladhaire é agus nach bhfuil sé chomh cliste in aon chor lena sclábhaí. Tá faitíos damanta air roimh Ifreann agus salaíonn sé a chuid éadaí sula dtéann sé isteach. Leagtar béim ar a chlaidhreacht sna héadaí ar stíl Earcail a bhíonn á gcaitheamh aige. Nuair a bhreathnaíonn tú air níl cuma dia ar bith air. Tá sé an-ghreannmhar agus shílfeá gur fear grinn é leis an iompar a bhíonn air. Is greann

ropánta agus barbartha a bhíonn aige agus bíonn dhá léamh air go minic.  Fiú nuair a bhíonn an comórtas ar siúl, is deiliúsach a bhíonn sé ina thaobh agus bíonn sé ag magadh faoi gach duine.  Is ag an deireadh amháin, nuair a chaithfidh sé breithiúnas a thabhairt, a ghlacann Diníseas ról níos dáiríre agus shílfeá gur duine é a bhfuil dáiríreacht agus dínit ag baint leis.  Tá misean dáiríre aige: socrú cén file a bheidh in ann an Aithin a thabhairt slán in am an ghátair.  Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann tagairt a dhéanamh do Chogadh na Peilipinéise a bhí ag céim ríthábhachtach nuair a cuireadh an dráma seo ar stáitse agus do Coup na nOlagarcach ar theip air.  Tá pointí tábhachtacha ag Arastafainéas maidir leis an dá shaincheist seo (cé chomh héagórach is a caitheadh le baill an coup a raibh a gcearta vótála bainte dóibh; cibé ar cheart nó nár cheart glacadh leis an tsíocháin le Sparta agus cibé ar cheart ligean do Alcaibiaidéas filleadh).  Eisean an té a labhraíonn faoi cheisteanna comhaimseartha san Aithin thar ceann Arastafainéis, rudaí mar an cogadh le Sparta, laigí polaiteoirí agus caimiléireacht sa chathair.  Níos tábhachtaí ná sin, déanann sé réiteach sa díospóireacht idir Eoiripidéas agus Aescaileas.  Nuair a roghnaíonn sé Aescaileas in ionad Eoiripidéas, tá Arastafainéas, trí Dhiníseas, ag déanamh ráiteas polaitiúil láidir.  Cé go bhféadfaí a rá gur bobarún de dhuine é Diníseas, faoi dheireadh an dráma, tá cúram an-dáiríre air mar chathaoirleach.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(ii) I measc na dtréithe a d'fhéadfadh a bheith ag Proiméitéas a d'fhágfadh gur laoch mór tubaisteach é: Baineann sé mórgacht amach trí chomhairle a thabhairt do Shéas agus is leis sin a fhaigheann sé an teideal mar rialaitheoir nua na ndéithe. Tugann réamh-mhachnamh Phroiméitéas an deis dó a bheith mar chuid de réimeas nua Shéas. Mar sin féin, is mar gheall ar an méid a rinne sé in iarracht leas an chine dhaonna a chosaint agus a chur chun cinn i gcoinne thíorántacht Shéas a cuireadh an pionós uafásach air.  Mar sin feiceann an cine daonna go nádúrtha é mar laoch, é spreagtha ag trua agus é sásta dul sa seans, ní lena shaol (toisc go mairfidh sé go deo), ach lena shaoirse agus a fhéinleas dúinn féin.  Labhraíonn sé amach agus tá sé cosantach agus níl sé sásta margadh a dhéanamh le Séas.  Léiríonn an trua a thaispeánann sé do Io nár athraigh a mhothúcháin i dtaca leis an gcine daonna mar gheall ar a phionós.  Cé gur chuir Oceanus comhairle air agus gur chuir Heirméas fainic air, ní roghnaíonn Proiméitéas fuascailt a lorg trí chaibidlíocht.  Tá Proiméitéas fós ceanndána agus déanann sé sin a fhulaingt níos measa. D'fhéadfadh iarrthóirí an argóint a dhéanamh nach féidir le duine a bheith ina laoch i ndáiríre gan dul i mbaol báis, ach is ar éigean a bhfuil Proiméitéas in ann a phionós a sheasamh agus tá sé de mhí-ádh air go bhfuil sé in ann go leor dó a thuar.  B'fhéidir go bhfuil sé ceanndána agus cantalach, b'fhéidir gur measa dó féin é ná d'aon duine eile, ach tá na cáilíochtaí aige a bheadh ag fíor-laoch tubaisteach agus dá uireasa, dhéanfaí slad ar an gcine daonna.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(iii)

(a) Pointí le cur isteach anseo: áitiú ar an gCór nach labhróidh siad amach trí chomhchúis a chruthú leo mar mhná; imríonn sí cleas ar Creon a ligean di féin agus do na buachaillí fanacht lá amháin eile trína mhealladh mar gheall gur athair é féin; a hionramháil ar Aegeus

chun mionn a ghealladh a thabharfaidh ráthaíocht dá tearmann san Aithin trí ghealladh dó go gcabhróidh sí leis leanbh a bheith aige; déanann Méidé cinnte go gcomhoibreoidh an Alta léi iarraidh ar Iasón cuairt a thabhairt ar Mhéide ach ní chuirfidh sí fainic air faoi na cúiseanna atá ag Colchian i ndáiríre; ag baint leasa as na buachaillí chun na hofrálacha a thabhairt do Glauce chun áitiú uirthi ligean dóibh fanacht agus thar aon ní eile, a hionramháil ar Iasón sa dara teagmháil sin áit a mbaineann sí leas as a phostúlacht agus as a shaontacht ionas go gceapfaidh sé go raibh sí "amaideach" agus go bhfuil aiféala uirthi anois agus go bhfuil sí ar aon intinn leis-sean.

**Cur síos déanta ar thrí shampla ar a laghad. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) I measc na ndrochthréithe atá ina charachtar tá sé gaisciúil, bíonn sé ag sodar i ndiaidh na n-uaisle, tá sé saonta agus amaideach, díomasach agus é ar seachrán faoina thábhacht agus faoina mhaitheas féin. Cliseann go mór air a thuiscint cé chomh cliste agus chomh díoltasach is atá a bhean chéile. Tá a chuid díomais ina chionsiocair lena bhás freisin sa deireadh thiar. Creideann sé go bhfuil gach rud faoi smacht aige. Díríonn Méidé ar an ngné sin de charachtar a fir chéile, meallann sí é a rá leis go mbeadh na buachaillí níos fearr as dá mba eisean a thógfadh iad, agus ansin bíonn sé níos éasca aici dul ar aghaidh lena cuid pleananna é a dhúnmharú. Dá bhrí sin d'fhéadfaí a rá gurb iad na drochthréithe dá charachtar ba chúis lena threascairt, nó cuid de ar aon nós. Luann Méidé na gealltanais a bhris sé agus an easpa cúraim dá chlann mhac. D'fhéadfaí an pointe a dhéanamh freisin cé go bhfuil drochthréithe aige, nach raibh an díoltas uafásach a imríodh ar Iasón tuillte aige i ndáiríre.

**Dhá phointe fhorbartha. (8, 7.) (15 mharc)**

(iv)

(a) Tá ról lárnach ag Oracal Dheilfe in Éideapús Rí. Cuirtear tús leis an bpraiseach ar fad leis an oracal a thugtar do Laius ag Deilfe nach raibh aon mhaitheas in aon chor leis, mar a deir Jocasta féin go gaisciúil le hÉideapús. Insíonn sí an scéal faoin gcaoi ar dúradh le Laius gurb é a pháiste fir a bheadh freagrach as a bhás, agus gur cuireadh amach ar Shliabh Cithaeron é chun bás a fháil. Agus ansin tagann an teachtaireacht ón oracal a fhaigheann Éideapús féin, áit a bhfágtar é in amhras faoina shliocht. Deir sé seo leis go maróidh sé a athair agus go gcodlóidh sé lena mháthair. Is mar gheall go ndeachaigh sé ar a theitheadh as an gCoraint, ionas nach dtarlódh an t-uafás sin a chuaigh sé go dtí an Téibh, áit ina bhfaigheann sé réiteach ar thomhas an Sfioncs agus a bpósann sé Iocasta, agus maraíonn sé Laius in áit ina dtagann trí bhóthar le chéile go teagmhasach. Luaitear an tOracal ag an tús ar fad sa dráma tráth a bhfuil, sula molann aon duine é, a dheartháir céile Créón, seolta ag Éideapús le fáil amach ó Apalló conas an phlá a ghlanadh ón gcathair atá buailte aici. Tá eachtraí an dráma leagtha síos mar gheall ar an méid atá ráite ag an Oracal le Créón. Nuair a deir Creon leis nach mór dúnmharfóir an rí roimhe sin a aimsiú agus a dhíbirt, geallann Éideapús a sheacht ndícheall a dhéanamh é sin a bhaint amach. Ní hamháin go bhfuil a chinniúint leagtha amach ag an Oracal ag tús a shaoil, tá eangach snoite thar timpeall air lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé an tairngreacht agus go mbeidh sé mar bhleachtaire a gheobhaidh amach a chuid coireanna féin. Ag obair ar aon dul leis an Oracal tá fógairt Tiresias, fáidh dall a

chuireann i leith Éideapús gurb eisean an dúnmharfóir a bhfuil sé ar a thóir. Ag an am, mheasfaí gur ráiteas aibhéiseach é sin agus is mar sin a shíleann Éideapús é, agus dar leis gur beart gránna é chun é a threascairt mar Rí na Téibhe. Is fiú aird a thabhairt ar fhreagra an chóir anseo de réir mar a thuigeann siad go raibh an tOracal a raibh an oiread sin muiníne acu as (dá bhrí sin na déithe iad féin) nó an rí a raibh cion ag an saol air mícheart. Tá siad i gcruachás ceart, ceistíonn siad cibé an bhfuil na déithe ann in aon chor nó an bhfuil deireadh ag teacht lena réimeas. An féidir leo muinín a bheith acu as aon duine mura féidir leo muinín a bheith acu as Oracal Apalló? Baineann sé le cur ina luí ar Éideapús nach bhfuil aon chiall le caint an Oracail ag Deilfe agus luann sí bás Laius san áit a dtagann trí bhóthar le chéile. Ar ndóigh, toisc go bhfuil siad ag déanamh neamhairde den oracal, bíonn drochthionchar aige sin ar an mbeirt acu. Is léir go bhfuil an bás i ndán dó. Is é an tOracal a bhogann an dráma ar fad ar aghaidh lena ndeimhnítear cumhacht iomlán na ndéithe agus na cinniúna i gcodarsnacht le heaspa cumhachta thruamhéalach na bhfear, fiú amháin na fir is fearr atá ann, smacht a fháil ar a saol féin, rud a dtugann Éideapús féin sampla de.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht iomlán, 8. (40 marc)**

(b) Ní chreideann Jocasta in oracail ná i dtairngreachtaí. Nuair a chloiseann sí gurb iad focail an fháidh is cúis leis an imní atá ar Éideapús, deir sí "nach bhfuil bun ná barr leo". Míníonn sí dó nach bhfuil sa saol ach rogha idir rud amháin nó rud eile, ní féidir le haon duine aon rud a rá faoin todhchaí agus ní fiú a bheith ag smaoineamh faoi. Mar chruthúnas, insíonn sí scéal dó faoina naíonán fir le Laius agus an chaoi a raibh sé in ainm agus a athair a mharú, ach gur fágadh amuigh ar Shliabh Cithaeron é chun bás a fháil. Baineann gné den scéal (go bhfuair Laius bás san áit ina dtagann trí bhóthar le chéile), croitheadh as Éideapús agus cuirtear rud éigin i gcuimhne dó a chuireann níos mó imní air fiú. Ar ndóigh, leis sin, faightear amach cé hé féin i ndáiríre. Ní chreideann Jocasta in oracail ná i dtairngreachtaí in aon chor ar dtús, ach de réir mar a thagann na fíricí amach, is á séanadh a bhíonn sí.

**Dhá phointe. (5, 5.) (10 marc)**

## Topaic 6. An Epic Ársa.

(i)

(a) Taispeántar carachtar Phéinealaipé tríd an méid a dhéanann sí leis na Suirígh agus lena mac, Telemachus. Cloisimid faoin tionchar atá ag a háilleacht nuair a théann sí isteach sa halla agus an chaoi a gcuireann na Suirígh faoi léigear í, dream atá santach agus ag gníomhú ar mhaithe leo féin. Faighimid leid faoina seiftiúlacht sa chleas a imríonn sí orthu. Dúirt sí leo nach féidir léi pósadh go dtí go mbeidh brat snoite aici dá hathair chéile, Laertes. Léiríonn sé sin a dílseacht d'Odaiséas, a fear céile freisin. Cé go bhfuil seisean ar iarraidh le 17 mbliana, níl a cás tugtha suas aici air. Tá a dílseacht i gcodarsnacht mhór le hiompar Chliotaeimnéistre agus labhraíonn fiú taibhse Agaiméamnóin faoi sa domhan thíos. Cuireann sí fáilte ghnaíúil roimh gach taistealaí a thagann isteach ag maíomh go bhfuil scéala acu faoi. Feicimid é sin nuair a thagann Odaiséas isteach faoi bhréagriocht fir déirce. Nuair a fheicimid a dearcadh maidir leis an gcaoi a gcaitheann na suirígh leis an bhfear déirce agus

Irus, measaimid gur bean lách í. Is léir go bhfuil sí ag fulaingt le fada an lá fad is atá a fear céile ar iarraidh agus mar gheall ar an aird a thug na suirígh uirthi, nach raibh sí a iarraidh. Glacann sí seasamh i gcoinne na suiríoch cúpla uair rud a léiríonn go bhfuil sí láidir mar dhuine. Bean mhothúchánach, tugadh compord an chodlata agus an fhaoisimh do Phéinealaipé óna méala de bharr Pallas Athene. Is féidir leochaileacht na mná seo a thomhas ón gcaoi a n-áitíonn Odaiséas gan í a chur ar an eolas go bhfuil sé ag filleadh go dtí go mbeidh na suirígh imithe leo. Glacaimid leis go bhfuil sé de nós aici a bheith ag déanamh imní faoina mac toisc go n-iarrann sé ar Eurycleia mionnú gan insint di nuair atá sé ag dul ag cuardach a athar. Is cosúil go bhfuil caidreamh sách teannasach aici lena mac, Telemachus. Ar fhilleadh dó as Sparta tá sé crosta léi nuair a bhíonn sí ag iarraidh orduithe a thabhairt dó, cé go ndeir Hóiméar linn go bhfuil Péinealaipé sásta nuair a ghlacann sé seasamh i gcoinne na suiríoch gránna. Tá amhras uirthi nuair a deir Eurycleia go bhfuil Odaiséas tagtha ar ais agus go bhfuil na suirígh maraithe aige.

**Trí phointe fhorbartha. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Ó scéal an athmhuintearais, faighimid amach go bhfuil Péinealaipé agus a fear céile an-fheiliúnach ag a chéile. Tá sí fuarchúiseach agus ní maith léi é a phógadh, toisc go bhfuil amhras uirthi go bhfuiltear ag imirt cleasa uirthi. Tagann sé sin le pearsantacht ghéarchúiseach, amhrasach Odaiséas. Fiú nuair a thugann Telemachus íde béil do Péinealaipé, seasann sí a fód agus ní ghéilleann sí. Tá Odaiséas ar buile agus, díreach mar a bheartaigh sí, déantar amadán dó le cleas na leapa. Taispeánann sé sin dúinn gur meaits maith í Péinealaipé do Odaiséas agus freisin a dílseacht mhór dó (tá a fhios aici go bhféadfadh sé gurb iad na déithe atá ag iarraidh óinseach a dhéanamh di). Mar sin taispeántar a ngrá, a ndílseacht agus a n-oiriúnacht san eipeasóid.

**Dhá phointe fhorbartha. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(ii) Is iad na príomhphointí a d’fhéadfadh iarrthóirí a áireamh anseo: misean Aeinéas chun muintir na Róimhe a aimsiú agus an tábhacht mhór atá leis sin; uaisleacht na Rómhánach ar chiníocha eile; toisc go bhfuil an cine Rómhánach fágtha i leataobh ag na déithe agus an chinniúint de bharr a gcuid máistreachta ar an saol. Is iad seo na príomhshleachta as an Aeinéid a láimhseálann na ceisteanna sin (ar cheart cuid díobh a bheith sa fhreagra): Tá olc ar Iúnó do na Traígh toisc go bhfuil sé i ndán dóibh an Chartaig a scriosadh, an chathair is fearr léi; tairngreacht Creusa d’Aeinéas maidir le plean ó dhia; óráid Iúpatair do Véineas áit a dtugann sé cuntas ar gach a bhfuil i ndán dóibh agus mórgacht shleachta Aeinéis; glóir-réim na Rómhánach sa bhroinn i bPáirceanna Éilise áit a dtugann Anchises cuntas dá mhac faoi na glúine breátha a thiocfaidh amach anseo agus go gcaithfear glacadh leis gurb í an Róimh an cine a thabharfaidh síocháin agus sibhialtacht don domhan; cuairt Aeinéas ar Evander ar láthair chathair na todhchaí agus taispeánann sé cén áit a mbeidh na láithreacha sa todhchaí; sciath Aeinéas le pictiúir de Rómhánaigh bhreátha na todhchaí ina measc Ágastas agus an chaoi a nglacann Iúnó le cinniúint na Róimhe i Leabhar 12. D’fhéadfadh iarrthóirí an costas uafásach atá ar Aeinéas agus daoine eile a áireamh, go háirithe Díodó agus Turnus, tagairtí do na cogaí Púnacha, Iúil Caesar agus nithe eile agus tagairtí do chuid mhór institiúidí agus nósanna Rómhánacha.
**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(iii)

(a) Is í Nausicaa iníon álainn Rí agus Bhanríon mhuintir Phaeacia. Téann sí, mar is dual do bhanphrionsa óg, síos ag an abhainn lena cairde, chun éadaí a ní rud a léiríonn go bhfuil sí réidh le haghaidh na suiríoch agus don phósadh. Tá sí ag spraoi lena cairde, agus tagann sí ar Odaiséas, lomnocht agus caite. Murab ionann is iadsan, ní théann sí ar a teitheadh le teann faitís (le misneach ó Pallas Athene) ach seasann sí agus fiafraíonn sí dó cé hé féin. Cuireann sí éadaí air agus tugann sí comhairle dó faoi dhul isteach sa chathair. Mar sin féin, is maith is eol di an cháil luachmhar atá uirthi féin agus tá a fhios aici nach bhféadfaidh sí dul isteach sa bhaile in éineacht leis. Tá sí go mór i ngrá le hOdaiséas agus tairgeann a hathair, Alcinous, í d'Odaiséas le pósadh, ach diúltaíonn sé, agus é ag iarraidh dul abhaile go dtína chlann féin. Is í Nausicaa a thugann Odaiséas slán in am a ghátair. Ise an ainnir álainn atá sé in ann a chur uaidh, agus é ag léiriú a ghrá agus a dhílseachta do Phéinealaipé. Taispeántar Nausicaa mar bhean óg chineálta, lách, umhal agus ghnaíúil, bean fhoirfe den scoth sa domhan ársa, seans.

**Trí phointe (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Bhí cónaí ar mhuintir Phaeacia i ndomhan a bhí cosúil le síscéal, i bhfad ar shiúl ó dhúshláin agus ó chruatan na réaltachta. Is beag go bhfuil cónaí orthu i saol na brionglóide atá sómhar agus saor ó achrann. Is dual d'Odaiséas a bheith sa saol dáiríre agus ní bhaineann sé leis an áit seo. D'fhéadfaí a dhiúltú fanacht ann a cheangal le Cailíopsó, fiú nuair a thairgeann sí an neamhbhásmhaireacht dó. Thar aon ní eile, is é a mhian dul abhaile go Péinealaipé agus Telemachus in Ithaca a spreagann é.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (10, 5.)** **(15 mharc)**

(iv) Is laochra agus gaiscígh iontacha iad Aeinéas agus Cúchulainn acu níl cosúlacht ar bith eile eatarthu. Is simplí é aidhm Chúchulainn: fir na hÉireann a choinneáil amach as Cúige Uladh agus onóir na nUltach a chosaint. Comhraiceann sé go sármhaith agus go sona sásta – sin an fáth ar tháinig sé ar an saol agus níl suim aige i rud ar bith eile. Carachtar i bhfad níos castaí é Aeinéas. Ceannaire comrádaithe é a bhfuil sé tiomnaithe dóibh; buíon fir amháin is ea Cúchulainn. Tá misean Aeinéas níos dochraidí freisin – caithfidh sé cine úr daoine a bhunú i ndomhan nua. Murab ionann le Cúchulainn, tá an Chinniúint d'ualach air agus leagann sí dualgais air. Tá a fhithneamh morálta níos casta na laoch na gCeilteach. Níl an oiread céanna foinn ar Aeinéas a bheith i mbun troda; comhraiceann sé go drogallach go minic mar go gcaithfidh sé a bheith ag troid. Ní gríosóir cogaidh é de ghnáth. Go ginearálta, ní chloisimid faoi mhothúcháin Chúchulainn (seachas nuair a fhaigheann Ferdia bás), ach déantar cur síos mion ar mhothúcháin Aeinéas go minic ar fud an dáin (e.g. eachtra Dhíodó; mothúcháin dá athair; comrádaithe agus araile). Pearsa ghaisciúil níos simplí is ea Cúchulainn, tá jab le déanamh aice agus déanann sé le fonn é. Tagann Aeinéas as sochaí níos sofaisticiúla agus feictear é sin ina charachtar níos caolchúisí. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ábalta tagairt a dhéanamh do shamplaí as na heipicí, más gá is féidir leo díriú níos mó ar charachtar Aeinéas ná ar charachtar Chúchulainn.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i)

(a) Sa sliocht seo as an Aeinéid le Veirgil, is é an friotal agus na híomhánna cumhachtacha a úsáideann sé a chruthaíonn atmaisféar an uafáis agus na gruaime. Cuireann sé síos ar na fuaimeanna, ar an mbréantas agus ar na radhairc atá ann, "solas mallaithe na gealaí luainí" mar shampla agus an domhan "gan dath", a chuireann tús drochthuarach leis an scéal. Cuireann sé síos ar an ngalar, ar an mbochtaineacht agus ar an eagla mar ainmhithe uafásacha a sheasann le taobh dhoras an Domhain Thíos agus ar na Fúire a bhfuil ribíní ar dhath na fola ina bhfolt nathracha acu. Tá meascán den ghruaim agus den dainséar sa chur síos a dhéanann sé. Cuireann na harrachtaí uafásacha, Scylla, an Hiodra agus Briareus, an Ciméara agus Gorgoin, le hatmaisféar na heagla agus nochtann Aeinéas féin a chlaíomh chun troda. Tá cur síos grinn ar an riasc bréan, "láib nimhe... ag brúchtadh aníos", mar a bhfuil sean-Charon an tsalachair ag fanacht ina bhád meirgeach. Ag cur leis an ngruaime tá an tsamhail cháiliúil a chuireann na hanamacha i gcomparáid le duilleoga an fhómhair nó le héin imirce. Ina chur síos ar na bolaithe agus ar na fuaimeanna ó Tartarus, músclaítear an t-uafás ó chineálacha éagsúla céasta, ró-uafásach dó le feiceáil. Is atmaisféarach fíorbheoga é an cur síos a dhéanann sé. Tá rachmas sonraí sa sliocht; an ghruaim, íomhánna na ndrochrudaí a bhaineann leis an daonnúlacht; na harrachtaí gránna, na hanamacha iomadúla a bhfuil an bruach á phlódú acu, etc. Ba cheart 'an t-uafás' agus 'an ghruaim' araon a phlé.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Áirítear sna dánta eile ina léirítear an taobh gile agus sonais i scríbhneoireacht Veirgil an dá eaclóg, *Song of Silenus* agus *Birth of the Saviour.* Taispeánann an chéad cheann greann spraíúil ina bhfuil Silenus a bhfuil póit air "gafa" ag dá shatair agus tugtar air a scéalta a insint. Tá atmaisféar sona ann agus na nimfeacha agus ainmhithe na coillearnaí ag bailiú le héisteacht leis ag insint a scéalta go dtí titim na hoíche. In *Birth of the Saviour* táthar ag súil le ré síochána agus flúirse agus tá cur síos álainn ann ar shaibhreas an dúlra lena n-áirítear na huain ildaite. In *Rustic Happiness* agus *A Farmer's Calendar*, faighimid radharc folláin agus sona de shaol feirmeora a bhí ag maireachtáil le hobair chrua agus pléisiúir shimplí. Tá a lán de dhearcadh dearfach Veirgil nasctha le háilleacht na dúlra. Cé go bhfuil scéal Earcail agus Cacus measartha gruama, tá deireadh sona air nuair a shaortar muintir Evander ó thíorántacht an arrachta uafásaigh agus mar sin bíonn ríméad orthu nuair a saoradh iad.

**Dhá phointe fhorbartha. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(ii)

Ba cheart go mbunódh iarrthóirí a gcuid freagraí go príomha ar na dánta a bhaineann le Sointia (*Gone, Gone to Clitumnus, Cynthia is Dead, Cynthia*). Mar sin féin féadfaidh siad tagairt do dhánta eile dá chuid freisin mar ábhar tacaíochta breise. Ba cheart d'iarrthóirí a choimhlintí le Sointia a phlé, a dhianchráifeacht di agus an chaoi a mbíonn sé in iomaíocht ar a son. Tugtar an léiriú is fearr den chaidreamh luaineach a bhí aige le Sointia in *Cynthia* ina dtaispeántar gnéithe d'fhoréigean gnéasach chomh maith le coimhlint mhothúchánach. Is

léir anseo go bhfuil sé i gcónaí ar thóir rud éigin agus nach bhfuil sé socair ann féin rud a mbíonn rachtanna foréigin ag tarlú dá mbarr. Is léir in *Gone to Clitumnus* go bhfuil sé in éad leis an aird a fhaigheann sise ó leannáin eile a d'fhéadfadh a bheith aici agus is léir go santaíonn sé í freisin. Is léir in *Two Requests* go bhfuil sé an-tógtha leis an ngrá, ach mar rud a chuireann pian air i gcónaí ("tusa a rugadh chun mé a ghortú") ina dtaispeántar gur foinse pléisiúir é an grá dar le Proipeirtias ach go dtiocfaidh pian as freisin. Measann sé go bhfuil sé ceart go leor go mbeadh buachaillín beag dána le saighead is bogha i gceannas ar chúrsaí grá, arb foinse pian é. Rachadh a chuid caointe do Sointia in *Cynthia Is Dead* go croí ionat agus taispeántar dúinn a thaobh dorcha, duairc. Measaimid, ina cháil mar leannán, gur duine dúghafach, sealbhach é, a bheadh deacair a shásamh agus an-achrannach.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

(iii)

(a) Tosaíonn an scéal le Lars Porsenna agus a chuid trúpaí ag teacht i láthair chun cúnamh a thabhairt do Tarquin Rí a cuireadh as cumhacht chun seilbh a ghlacadh ar an Róimh. Seasann Horatius, Spurio Larcius agus Títeas Herminius ar bharr an droichid agus ag coinneáil na naimhde siar agus éalaíonn na saighdiúirí Rómánacha eile isteach sa chathair. I ndiaidh tamaill gríosaíonn Horatius an bheirt eile chun fágáil. Leanann sé leis an droichead a chosaint leis féin. Idir an dá linn tá na Rómhánaigh ag obair go fíochmhar chun an droichead a scriosadh. Díreach nuair a thitim an droichead léimeann sé isteach sa Tibir, agus é ag guí go nglacfaidh Dia na hAbhann é. Éiríonn leis ansin tearmann a bhaint amach ar thaobh na cathrach.

**Cur síos comhleanúnach. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Is é cuspóir Livias leas a bhaint as éachtaí móra na Rómhánach mar shamplaí do lucht a linne de conas a bheith mar eiseamláir uaisleachta ar mhaithe le gach duine. Mar sin tá neamhleithleasacht, crógacht agus tírghrá á spreagadh aige.

**Pointe forbartha amháin. 10. (10 marc)**

(c) Tá stíl Livias an-dramatúil agus an-chorraitheach. Cuireann sé béim ar éachtaí agus ar ghaiscí dána Horatius. Is cuntas spreagúil é a ceapadh chun bród agus tírghrá a mhúscailt i Rómhánaigh a linne agus áirítear ar a chur síos an teannas, an seans in éadan an laoich, an deireadh drámatúil. Cuireann siad sin ar fad le scéal iontach. Tá samplaí oiriúnacha ó shleachta eile ó Livias inghlactha anseo freisin.

**Pointe amháin míniúcháin. 10. (10 marc)**

(iv)

(a) Ó na dánta dualgais, is dóigh gurb é príomhthéama Óivid grá agus suirí, atá le feiceáil in *The Art of Love,* ina bpléann sé laigí an ghrá agus chomh guagach agus chomh santach a bhíonn na mná. In *Unfair* tá sé searbh faoi mhothúcháin randamacha agus amhras in aisce a chailín. In *Misery in Exile,* tá Óivid go mór faoi ísle brí agus é ar deoraíocht ón Róimh agus mar a bheadh sé curtha i dtalamh gan rath i bhfad ó bhaile gan é ag scríobh faoi dhuine ar bith. Ceist eile ná an cineál grá, an saol maith agus suáilce, rud is féidir a fheiceáil in *Baucis*

*and Philemon.* Anseo tugann sé moladh do mhaitheas agus do shimplíocht na sean-lánúine agus an cineál saoil neamh-ábharaíoch a chaitheann siad, rud a bhfaigheann siad luach saothair ó Iúpatar agus Mearcair mar gheall air. Ba cheart do na hiarrthóirí dhá théama ar a laghad a phlé le fianaise ó na dánta.

**Trí phointe fhorbartha. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Is féidir aon cheann de dhánta dualgais Óivid a úsáid anseo chomh fada is go bhfuil tuiscint réasúnta maith ar an téama, dhá chúis mhaithe gur roghnaíodh é agus cúpla tagairt ón dán mar thaca leo.

**Dhá phointe míniúcháin. (10, 10.)** **(20 marc)**

## Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) Is oinochoe é seo. **(5)** **(5 mharc)**

(b) D'úsáidtí é chun fíon a chur amach. **(5)** **(5 mharc)**

(c) Oirthear na Gréige agus na hoileáin, Ródas an t-ionad is fearr aithne. **(10.)** **(10 marc)**

(d) Tá an bundath bánbhuí agus tá scalán gréine ag an mbonn, ansin líne de ghabhair fhiáine agus líne tarbh agus fianna i nglónra dúdhonn. Tá patrúin shimplí gheoiméadracha idir na línte sin agus idir na hainmhithe. Tá na hainmhithe stílithe ach beoga, páirt díobh tarraingthe in imlíne agus páirt eile i scáthchruth gan gearradh ar bith. Breathnaítear orthu ón dúlra agus níl siad i stíl struchtúrtha an Oirthir.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(ii)

(a) Tá an teampall seo in agora/áit an mhargaidh san Aithin. **(5.)** **(5 mharc)**

(b) Tógadh é san Ord Dórach. **(5.)** **(5 mharc)**

(c) Is iad na hábhair a úsáideadh marmar Peinteilice agus marmar Pairíoch. **(5, 5.)** **(10 marc)**

(d) Seo teampall Dórach an-tipiciúil lena cholúin 6 x 13 ar stíleabáit chaighdeánach. Tá pronaos agus opisthodomos ann, 2 cholún ar gach ceann díobh agus tá a aghaidh soir mar is gnách. Is é an naos nó an scrín do dhealbh an dé an príomhsheomra. Tá sé caomhnaithe go maith ar an taobh amuigh agus an cuisliú géar Dórach ar chrainn na gcolún, an eichne (atá measartha tanaí sa stíl chlasaiceach), agus an t-abacas. Go neamhghnách tá fríos leanúnach air thar an dá phóirse. Tá taibhléadan ar mhullach an cholúin ina gcuimsítear an imchásáil gan phatrún, guttae, regula, taenia agus an fríos Dórach déanta de mheatóip agus de thriglifí (tá Téiséas agus an Míonótár léirithe ar chuid de na meatóip agus tá siad fós in situ agus dá bharr sin sainaithníodh an teampall go mícheart mar Theseum). Os cionn seo tá na mutules agus tuilleadh guttae agus an choirnis os a chionn. Bhí peidiméid thriantánach ar gach

taobh agus bhí díon claonta le tíleanna air.  Bhí an líne dín críochnaithe le tulfheistiú bunsileáin agus acroteria.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(iii)

(a) Is kore é. **(5.)** **(5 mharc)**

(b) Baineann sé leis an Ré Ársa dheireanach (540-480 R.Ch.) **(5.)** **(5 mharc)**

(c) Seo a leanas gnéithe na deilbhe, ar a bhfuil an leasainm "súile almóinne" a fhágann gur gnáthdhealbh ón ré sin é: Tá sé ina staidiúir an-chiúin, fhoirmiúil ársa lena bhfuil gnéithe stílithe.  Tá an fhíor measartha crua agus le tosacht na korai ársa ar fad air.  Ach tá roinnt gnéithe nua-aimseartha ag baint léi lena n-áirítear an cúram a dhéantar do na fabraicí éagsúla sa chiotón (in íochtar agus craptha) agus an hiomaitian/fhallaing (clóca trasnánach déanta as éadach trom)  D'aithneofá láithreach go dtagann siad as an ré ársa dheireanach leis na fillteacha éagsúla agus an éadaitheoireacht sách gáifeach.  Gné eile den ré ársa dheireanach freisin is ea an aghaidh níos réadúla, le súile slogtha agus cnámha leicinn cuartha dea-bhraite.  Níl a liopaí sa mheangadh ársa caighdeánach a bhíodh le sonrú i ré ní ba luaithe ach tá siad sách réadúil.  Rud eile a bhí tipiciúil sa tréimhse ná a cuid gruaige ornáidí agus fíneálta, í ina carn chun tosaigh agus í ag titim anuas, scaipthe amach ar a guaillí.  Imprisean de ghalántacht fhíneálta.  Bheadh dathanna saibhre orthu.

**Míniú ar thrí ghné. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(d) Taispeántar meascán álainn de stíliú agus den nádúrachas ar an bhfíor seo.  Is léir cinnte go bhfuil sí ársa leis an seasamh docht atá aici agus leis an amharc righin chun cinn atá aici, ach bogann gnéithe den nádúrachas a dreach i gcomparáid, cuir i gcás, leis an Berlin Kore nó an Maid of Auxerre (ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann í a chur i gcomparáid le kore níos luaithe le taispeáint go bhfuil siad in ann na difríochtaí a fheiceáil, sa chuid seo den cheist nó in (b)).  Tá a haghaidh comhrianaithe agus cuma réalaíoch go leor uirthi agus is sampla iad na meáchain éagsúla atá i bhfillteacha na héadaitheoireachta go bhfuiltear ag iarraidh cuma chomh réadúil agus is féidir a chruthú.  Mar sin is meascán álainn den rud foirmiúil agus den rud nádúrtha í, ag aistriú ó ré amháin go dtí ré eile.  Rud a d'fhéadfaí a lua anseo freisin ná dealbh níos déanaí de bhean le taispeáint go bhfuil a fhios ag iarrthóirí conas a d'fhorbair stíleanna dealbhóireachta as sin amach.

**Dhá phointe ghearra. (5, 5.)** **(10 marc)**

(iv)

(a) Is é Heirméas an fhíor atá ina sheasamh, is é Diníseas an naíonán. **(5, 5.)** **(10 marc)**

(b) Is é Praxitiles an dealbhóir. **(5.)** **(5 mharc)**

(c) Baineann sé leis an gCeathrú hAois R.Ch. **(5.)** **(5 mharc)**

(d) Áirítear ar ghnáthghnéithe máistreacht iomlán ar léiriú chorp an duine, ach le gnáthchoibhnis ón gceathrú haois – cloigeann níos lú agus níos faide, géaga níos tanaí ná

gnáthfhíor fir ón gcúigiú haois R.Ch. ar nós Iompróir Sleá Polykleitos. Tá na fíoracha an-nádúrtha agus an-suaimhneach agus i gcomparáid leis an ré Chlasaiceach, tá mothú níos mothúchánaí leis na dealbha leis an nasc idir an Heirméas fásta agus an leanbh Diníseas. Cuireann dealbhú na nDéithe béim ar an duine seachas ar Dhia. Bhí stíl nádúrtha an chomhdhéanaimh a gabhadh i nóiméad, nach bhfuil chomh foirmiúil leis an dealbh ardchlaisiceach níos luaithe tipiciúil sa cheathrú haois chomh maith.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) Baineann an dá phríomhchineál scéil le déithe agus le laochra. Ba cheart go mbeadh teagasc morálta sna scéalta agus go bhfeicfí luach saothair as dea-ghníomhartha. Níor cheart go mbeadh aon eagla roimh an gcontúirt ná roimh an mbás. Ba cheart go gcruthófaí intinn leanaí le haghaidh aon chuspóir amháin, leas an stáit a bhaint amach. Mar sin teastaíonn scéalta maidir le déithe agus laochra a bheith á n-iompar féin mar ba cheart dóibh, mar atá sna scéalta faoi Hóiméar agus Héisiad atá ar eolas ag cách. Ba cheart go spreagfadh na scéalta seo an chrógacht. Ba cheart go gcuirfí cosc ar gach scéal a léiríonn na déithe i mbun coireanna nó doghníomhartha. Níor cheart go dtaispeánfaí iad i mbun caimiléireachta, insint bhréige nó aimhleasa. Ina theannta sin, níor cheart go léireofaí laoch ar bith agus eagla air nó uirthi roimh an mbás nó iad i mbun iompraíocht mhíchuibhiúil (gáire neamh-mheasartha ar bith!) Níor cheart go mbeadh scéalta ann ina dtugtar luach saothair as doghníomhartha a dhéanamh. Níor cheart caointe a cheadú: Níor cheart scéalta a cheadú ach oiread a chuireann eagla ar pháistí roimh an mbás de thoradh pictiúir ghruama nó scanrúla den Domhan Thíos. Is furasta dul i gcion ar leanaí óga; fanann an rud a fhoghlaimíonn siad leo agus is iad na rudaí sin a fhorbraíonn a n-intinn agus a gcarachtair. Má chloiseann siad faoi dhéithe agus faoi laochra á n-iompar féin mar atá sna scéalta aitheanta maidir le Hóiméar agus Héisiad, ceapfaidh siad féin go bhfuil sé inghlactha an rud céanna a dhéanamh. Ní mór do chaomhnóirí a bheith cróga agus gan faitíos a bheith orthu roimh an mbás, mar sin ba cheart go spreagadh na scéalta an meon sin.

**Dhá phointe. (10, 5.)** **(15 mharc)**

(b) Is é an pointe lárnach go gciallaíonn oideachas oiliúint a chur ar an intinn agus ar an gcarachtar chun leas an stáit. Mar sin, ní cheadaítear ach na scéalta a oireann don aidhm sin. Is furasta dul i gcion ar leanaí óga agus mar sin fanann an rud a fhoghlaimíonn siad ó scéalta leo agus is iad na rudaí sin a fhorbraíonn a n-intinn agus a gcarachtair. Má chloiseann siad faoi dhéithe agus laochra i mbun drochiompraíochta, e.g. caitheamh Cronus le Ouranus, ceapfaidh siad go nglacfar leis an cineál sin drochiompair uathu féin. Is é Dia foinse na rudaí maithe ar fad agus dá bhrí sin, ní cheadaítear ach scéalta a léiríonn é sin. Ní foláir nach mbeidh tionchar ag na léirithe uafásacha sin ón domhan thíos ar chaomhnóirí ar eagla go n-éireoidís chomh scanraithe sin roimh an mbás go roghnóidís cailleadh agus

géilleadh seachas troid go bás. Meastar go bhfuil scéalta ina léiríonn laochra an iomarcach briseadh croí, e.g. Aichill agus Priam, agus scéalta faoi chaoineadh nuair a chailltear ball teaghlaigh mí-oiriúnach d'oiliúint caomhnóirí toisc go spreagann siad meon ina mbeidís níos buartha fúthu féin ná faoin bpobal. Níl scéalta a bhaineann le barraíocht a ithe nó barraíocht gáire fabhrach d'fhéinsmacht cothaithe. Maidir leis na roghanna a mholann Platón (cé gur annamh iad) is féidir trácht a dhéanamh ar nuair a thugann Hóiméir ar Odaiséas é féin a bhualadh sa chliabhrach agus "a chroí a ghlaoch chun oird" nó ar fhocail Diomede in *Iliad IV:* "Bí ciúin, a fhir, agus glac do nod uaimse."

**Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(c) Is féidir leis na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad is a dtéann siad i mbun na ceiste mar a chuireann Platón é agus go dtugann siad dhá chúis faoi cibé acu an n-aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad leis.

**Dhá chúis agus iad mínithe go gairid. (5, 5.)** **(10 marc)**

(ii)

(a) Dearbhaíonn an fealsamh nach mór go ndéanfaí idirdhealú ina stát idéalach idir iad sin a rialóidh agus iad sin a ndéanfar rialú orthu. Ní mór iad sin a bheidh ag rialú a bheith ar na rialaitheoirí is fearr agus is fíréanta, díreach mar atá na scileanna feirmeoireachta is fearr ag na feirmeoirí is fearr. Ní mór údarás a bheith acu siúd is sine ar an dream is óige. Is iad na gardaí is fearr an dream atá éirimiúil agus ábalta, a bhfuil an scil is mó acu cúram a dhéanamh do leas an stáit agus a bhfuil cúram acu maidir leis na leasanna sin toisc go ndéanann daoine an cúram is mó don rud is ansa leo féin. Tá Sócraitéas cinnte go bhfuil an cion is mó bunaithe ar phobal leasanna nuair a mhothaíonn daoine go bhfuil a ádh agus a mí-ádh féin ceangailte suas go hiomlán le rath agus mí-ádh duine éigin eile. Ó na chéad bhlianta, ní mór rialtóirí ionchais a fhaire go géar agus ba cheart tascanna a leagan síos dóibh lena bhfuil baol níos mó ann agus iad á ndéanamh sin go ndéanfaidh siad dearmad nó go gcuirfear ar seachrán iad ón bprionsabal sin. Ní fhéadfar a roghnú mar rialaitheoirí ach iad sin nach ndéanfaidh dearmad agus nach mbeifear in ann a chur ar seachrán go héasca. Ní mór freisin pian agus fulaingt a thabhairt do na daoine seo a d'fhéadfadh a bheith ina rialaitheoirí chun fáil amach conas a rachaidh rudaí mar sin i bhfeidhm orthu. Ar deireadh, ní mór féachaint ar mar a théann bolscaireacht i bhfeidhm orthu. Nuair atá siad óg, ní mór eagla a chur ar rialóirí agus deiseanna pléisiúir a thabhairt dóibh freisin, agus iad a chur faoi thástáil níos géire ná mar a chuirtear ar ór agus ar airgead san fhoirnéis.

**Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) D'fhág an cineál saoil a chaith siad nár cheart go mbeadh aon mhaoin ag aon duine acu thar mar a bhí go hiomlán riachtanach agus nár cheart go mbeadh teach príobháideach acu ach an oiread. Níor cheart go mbeadh acu ach soláthairtí an-bhunúsach. Ba cheart dóibh a aontú an bia a theastaíonn uathu a fháil ó na saoránaigh, ní barrachas ná ní easnamh. Níor cheart go mbeidís ina n-úinéirí ar airgead nó ór ná bheith i dteagmháil leo ionas nach mbeidh aon chineál caimiléireachta ar bun acu. Scriosfadh úinéireacht ar mhaoin phríobháideach a ndílseacht don stát agus chiallódh sé nach dtabharfaidís tús áite don stát.

Tá an stíl mhaireachtála a mholtar anseo an-draganta agus an-ghéar agus ní cheadaítear aon saol príobháideach ná teaghlaigh.

**Trí phointe fhorbartha. (9, 9, 8.)** **(25 marc)**

(iii)

(a) Dar le Sócraitéas ní mór a chur ina luí ar an bpobal ar fad i dtosach gur brionglóid a bhí sa tógáil a fuair siad, agus gur cruthaíodh agus gur tógadh iad, in éineacht lena dtrealamh agus lena n-airm, i gceartlár an domhain. Nuair a tháinig siad in inmhe, thug Máthair na Cruinne féin go dtí an dromchla iad, go solas an lae. Ní mór dóibh breathnú ar an talamh ar a bhfuil cónaí orthu mar mháthair agus í a chosaint má dhéantar ionsaí uirthi. Ina theannta sin, ní mór dóibh breathnú ar a gcomhshaoránaigh mar bhráithre a thug an Mháthair Chruinne chéanna ar an saol. Ba cheart gach saoránach a chur ar an eolas gur bráithre iad ach gur chuir Máthair na Cruinne ór i gcomhdhéanamh na Rialtóirí cáilithe, airgead i gcomhdhéanamh na Saighdiúirí Cúntacha agus iarann agus cré-umha i gcomhdhéanamh na bhfeirmeoirí agus an chuid eile den phobal. Beidh dealramh ag leanaí lena dtuismitheoirí mar is ón mianach céanna iad, ach uaireanta tabharfaidh tuismitheoirí órga leanbh airgid ar an saol, nó tabharfaidh tuismitheoirí airgid leanbh órga ar an saol agus mar sin de. Mar sin, ní mór do rialtóirí a gcúram mar Ghardaí a dhéanamh go cúramach agus súil a choinneáil ar an meascán miotal i gcarachtair na leanaí. Má tá cré-umha nó iarann ina chomhdhéanamh ag duine dá leanaí féin, ní mór dóibh a bheith dian air agus ísliú céime a thabhairt dó go dtí aicmí an lucht tionsclaíoch agus talmhaíochta. Ar an gcaoi chéanna, má bhíonn mianach óir nó airgid i leanbh ón ísealaicme, tá dualgas ar na rialtóirí ardú céime a thabhairt dó go dtí na Gardaí. Ba cheart a chur ina luí ar an bpobal gurb ann do thairngreacht a deir go scriosfar an stát nuair a bheidh rialtóirí airgid agus cré-umha aige. Tá Sócraitéas cinnte de go mbeidh de thoradh ar an miotas bunaithe sin go mbeidh na saoránaigh níos dílse don stát agus dá chéile.

**Achoimre chomhleanúnach ar an miotas. (9, 9, 8.)** **(25 marc)**

(b) Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe leis an leas coiteann, go ndéanfaidh gach duine cibé rud a bhfuil bua aige nó aice ina leith agus go ndéanfaidh sé nó sí rud a théann chun leas gach duine. Ciallaíonn an comhbhráithreachas go n-oibríonn cách chun leas an stáit uile. Má chreideann daoine sa mhiotas, beidh síocháin idir na haicmí sa Stát Idéalach agus beidh siad dílis don Stát dá bharr.

**Dhá phointe. (5, 5.)** **(10 marc)**

(c) Ba cheart do na hiarrthóirí freagra pearsanta a thabhairt anseo agus dhá chúis ar a laghad a thabhairt faoi cibé an gceapann siad go bhfuil an cás seo cosanta nó nach bhfuil, bheadh samplaí stairiúla nua-aimseartha bailí anseo.

**Dhá phointe míniúcháin. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) Tugann Platón na cúiseanna seo a leanas: D’impigh Díón air imeacht mar dúradh go raibh Dinísias, rí Shioracús, tógtha leis an bhfealsúnacht; mhol cairde leis ón tSicil agus ón Iodáil an

rud céanna dó; sheol Dinísias litir chuige inar gheall sé gnóthaí Dhíón a réiteach go sásúil dá bhfillfeadh Platón ach bhagair sé go ndéanfadh sé a mhalairt mura bhfillfeadh. Deir Platón go raibh náire ar Dhinísias faoin mbarúil a bheadh ag daoine eile faoi mura gcuirfeadh sé ina luí ar Phlatón filleadh mar theastaigh uaidh go mbeadh clú an fhealsaimh air. Theastaigh ó Phlatón a léiriú freisin gur cara maith le Díón agus leis an bhfealsúnacht é go deimhin.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht iomlán, 8.** **(40 marc)**

(b) Taispeánann an litir dílseacht Phlatón dá chara agus do chúis na Fealsúnachta. Cé gur beag seans atá aige feicimid go bhfanann sé dílis dá phrionsabail, fiú nuair a chaitear amhras air. Feiceann sé na srianta freisin a bhaineann le comhairle a chur orthu siúd nach bhfuil na tuairimí céanna acu.

**Pointe forbartha amháin. 10.** **(10 marc)**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) a-teampaill; **(3)** d-téatar; **(3)** e-aimfitéatar; **(3)** ff-decumanus; **(3)** gg-cardo; **(3)**.

**(15 mharc)**

(b) Bhunaigh Ágastas é mar colonia do 3,000 saighdiúir de chuid an Gharda Phraetóirigh ar scaoileadh leo ionas go mbeidís i suíomh tábhachtach straitéiseach chun na ruathair ó threibheanna na nAlpach ar an limistéar máguaird a sheiceáil.

**Dhá phointe. (5, 5.)** **(10 marc)**

(c) Tá sé neamhghnách aimfitéatar a fheiceáil taobh istigh de bhallaí baile (ar chúiseanna sláinteachais), is sampla eile é Pompeii. B'fhéidir go dtugann sé cur chuige slándála níos airí ná mar is gnách le tuiscint maidir leis an dearadh toisc go raibh sé gar do theorainn.

**Dhá phointe. (5, 5.)** **(10 marc)**

(d) Ón bplean, ar an gcéad dul síos, tá leagan amach an airm an-soiléir, tá sé leagtha amach díreach mar a bheadh aon champa airm, mar sin is féidir leat an ghné mhíleata a fheiceáil ansin. Tá rogha mhaith saoráidí ag na saoránaigh, amhail téatar, folcadáin agus aimfitéatar do shiamsaíocht. Tá ionad teampaill acu. Thar aon ní eile tugann an plean nádúr eagraithe an tsaoil in Aosta le fios.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(ii)

(a) Bhíodh stuanna ó ré níos luaithe suite ag príomhgheata nó príomh-acomhal i mbaile de ghnáth, áit an-fhollasach ina bhfeicfeadh a mhéad daoine is féidir é. Ach bhíodh stuanna níos déanaí suite san fhóram.

**Pointe amháin. (5.)** **(5 mharc)**

(b) Comóireann Áirse Thítis glacadh Iarúsailéim in 71 AD.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(c) Is áirse Rómhánach thipiciúil é Áirse Thítis mar go bhfuil oscailt shingil uirthi. Tá piléir ilchodacha, piléir bhalla agus ascaillí stua ar an dá thaobh den áirse. Tá imchásáil ar an urláir áiléir ar a bhfuil inscríbhinn chuig an seanad agus chuig an Impire Veaspáisian os a chionn. Bhíodh carbad ceathair-riata cré-umha ar an mbarr, atá imithe anois. Faightear dá phainéal ina bhfuil dealbhóireacht rilífe de mhórshiúl an bhua ar bhallaí seachtracha na háirse.
Tagann Áirse Chonstaintín níos déanaí agus tá sé i bhfad níos casta. Tá na gnéithe céanna is atá in Áirse Thítis ann, ach tá roinnt difríochtaí ann: Tá oscailt lárnach inti agus dhá áirse níos lú ar na taobhanna. Tá a lán painéil snoite ornáideacha éagsúla inti (a lán díobh ó shéadchomharthaí níos sine). Tá na rilífí comhaimseartha ar Áirse Thriarach Chonstaintín (ar na seastáin agus ar na fríosanna) faoi bhun caighdeáin i gcomparáid leis na rilífí níos sine e.g. ó shéadchomharthaí de Thráian, Haidrian agus Marcus Aurelius. In áit gnáthurlár áiléir ar a bhfuil inscríbhinn, tá painéil rilífí snoite an-ornáideach agus ceithre dhealbh ina seasamh astu féin ar an urlár áiléir. Is áirse í atá níos ardnósaigh agus níos sómhaire.

**Cur síos ar an dá áirse. (5, 5, 4. agus 5, 5, 4. agus 4, 3.)** **(35 marc)**

(iii)

(a) Is dealbh lánfhada é seo de phaitríoch Rómhánach ag iompar dhá bhusta ársa (i mórshiúl sochraide b'fhéidir). Léirítear fillteacha iomadúla an toga go ríshoiléir.
Éadach an-tipiciúil Rómhánach atá ann, ar ndóigh, mar atá réalachas iontach na n-aghaidheanna chomh maith. Tá na haghaidheanna uile an-indibhidiúil agus éagsúil óna chéile, mar a bheadh portráidí grianghrafadóireachta de na fir, níl a ngnúiseanna cosúil lena chéile ar chor ar bith, agus níl an chuma air go ndearnadh "aerscuabadh" ná idéalú orthu. Tá a roic, an bhlagaid atá ag teacht orthu agus a n-imlínte sna cluasa ar fad le feiceáil. Tá an chuma ar na haghaidheanna seo go raibh saol fada acu. D'fhéadfaí an frása "idir chraiceann agus chnámha" a úsáid chun cur síos a dhéanamh orthu. Tá nóisin na Rómhánach de *dignitas* agus *gravitas* follasach sa phíosa. Neamhchosúil le portráid Ghréagach ina bhfuil na haghaidheanna measartha cineálach agus idéalaithe, ghabh na Rómhánaigh aghaidheanna an-réadúil a n-ábhar toisc go raibh níos mó suime acu sa phearsantacht ná mar a bhí sa chineál.

**Trí phointe. (14, 13, 13.)** **(40 marc)**

(b) Tá bustaí a shinsear á n-iompar ag an bpríomhfhíor, seans gur mórshiúl sochraide atá ann, ar ghnás Rómhánach é. Cuirtear tionscnamh dealbhóireachta Rómhánaí a bhí fréamhaithe i ngnásanna ársa sochraidí Rómhánacha i gcuimhne dúinn; íomhánna cré bruite de na mairbh a mhaistí a dtuamaí agus a bprócaí níos luaithe agus íomhánna na n-aghaidheanna céaracha a chaití ag sochraidí Rómhánacha. Insíonn sé dúinn faoin urraim agus faoin gcráifeacht a thaispeánadh na Rómhánaigh dá sinsir go ndéanaidís portráidí díobh agus go n-iompraídís iad ag ócáidí tábhachtacha. Bhaineadh teaghlaigh a raibh cumhacht pholaitiúil acu úsáid as na híomhánna sin chun críocha bolscaireachta.

**Dhá phointe ghearra. (5, 5.)** **(10 marc)**

(iv)

(a) Léiríonn an mhósáic seo Cath cáiliúil Iseas, a troideadh idir Alastar Mór agus Dáirias, Rí na bPeirseach in 333 RC. Is é seo an nóiméad a thugann Alastar aghaidh dhíreach ar Dháirias i lár an chatha. Pholl Alastar céile comhraic a bhfuil an chuma air go bhfuil Dáirias ag impí go ndéanfaí trócaire air. Tá na capaill á bhfuipeáil go fíochmhar ag a charbadóir in iarracht rí na bPeirseach a tharrtháil ó chontúirt, gan a fhios aige go bhfuil siad ar tí trampáil ar shaighdiúir a maraíodh sa chogadh agus a bhfuil a aghaidh le feiceáil againn i sciath. Sa tulra chaith capall donnrua a mharcach a bhfuil greim daingean aige ar na srianta.

**Cur síos achomair ar cad atá ag tarlú. (5, 5, 5.)** **(15 mharc)**

(b) Ullmhaíodh mósáic i gceardlann an ealaíontóra leis na mílte tessera bídeacha déanta de ghloine nó de photaireacht chloiche. Chuirtí na tíleanna beaga bídeacha sin i dtráidire nó i bpainéal ansin ar a mbíodh imeall ardaithe ar a ghreantaí an íomhá i ngaineamh mín. Thugtaí chuig an láithreán beartaithe ansin é agus leagtaí é ar ghairbhéal brúite le moirtéal mín aoil ar a bharr. Dhéantaí éadach línéadach a ghreamú ar dhromchla na teasaláide. Mar gheall air sin bhíothas ábalta an íomhá a ardú go dtí a suíomh. Nuair a bhrúítí na tessarae síos sa mhoirtéal, bhaintí an línéadach. Ghlantaí an leachtmhoirtéal iomarcach. Dhéantaí an leachtmhoirtéal idir na tessarae a phéinteáil uaireanta agus chuirtí bratú cosanta céire ar an mósáic chríochnaithe.

**Míniú comhleanúnach ar an modh. (5, 5, 5.)** **(15 mharc)**

(c) Ar dtús, is dhá fhíor iad na carachtair, Alastar agus Dáirias, a sheasann amach nuair a amharcann tú ar an mósáic, tá cloigne na beirte os cionn shlua na gcapall agus na n-arm. Ach tá cuma an-difriúil ar an mbeirt acu. Feictear sceitimíní Alastar ina shúile, tugann a ghruaig scaoilte an luas ag a ndeachaigh sé isteach sa chath le fios agus tugann a easpa clogaid le fios nach raibh scáth ná eagla air sa chath. Tá a neamhthrócaire i gcoinne a chéile comhraic le feiceáil. Tá a chapall níos airde ná na capaill eile agus léirithe go hálainn. Ar an lámh eile tá ceannbheart Peirseach á chaitheamh ag Dáirias agus tá cuma scanraithe ar a aghaidh. Cromann sé ar a charbad agus a lámh sínte amach ag lorg trócaire do shaighdiúir a gortaíodh. Cuirtear béim bhreise ar dhráma an chatha leis an gcarbadóir ag fuipeáil na gcapall chun Dáirias a tharrtháil ó chontúirt. Taispeántar gníomh an chatha ar bhealach iontach ina lán imireacha donna, liatha, dubha agus ócair. Le scéin na bhfear agus na gcapall, na saighdiúirí a maraíodh, uillinneacha éagsúla na sleánna agus fiú an crann críonta ar gcúl léirítear atmaisféar dráma, eagla agus báis.

**Trí phointe forbartha go gairid. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

# Aguisín 1

An Ardteistiméireacht – Léann Clasaiceach – Ardleibhéal
Critéir scoite / briseadh síos ar an marcáil

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gabháil | Gabháil don cheist | e.g. Tuiscint ar cheist, Fócas/dul i ngleic leis an gceist, Aidhm shoiléir, Caighdeán na smaointe, Ábharthacht an ábhair | 40% |
| Forbairt | Cá mhéad is atá na smaointe forbartha | e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair tacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas | 40% |
| Meastóireacht Fhoriomlán | Caighdeán foriomlán an fhreagra | e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra | 20% |

Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar
G- ?/20
F- ?/20
MG -?/10
Iomlán-?/50

| | Ualú | Marcanna as 50 | Marcanna as 40 |
|---|---|---|---|
| Gabháil | 40% | 20 | 16 |
| Forbairt | 40% | 20 | 16 |
| Meastóireacht Fhoriomlán | 20% | 10 | 8 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán